

# Iorras Aithneach 2007

## *Ceantar Charna agus Chill Chiaráin*


















**An Fóram do Phobal Iorras Aithneach**

**Luach €7**




# Údarás na Gaeltachta

Oifig Eolais - Teach an Údaráis, Carna

Gach Máirt, 11:30 r.n. – 1:00 i.n.

Tá réimse leathan dreasachtaí airgeadais agus tacaíochta ar fáil ó Údarás na Gaeltachta chun gnó a thosú nó a fhorbairt, d'fhorbairt na teanga agus an chultúir, agus chun freastal ar chúrsaí oideachais agus oiliúna. Déan teagmháil linn chun breis eolais a fháil.


Na Forbacha
**Co. na Gaillimhe**
Teil: (091) 503100
Facs: (091) 503101

e: eolas@udaras.ie | w: www.udaras.ie

NDP
Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Údarás na Gaeltachta

# *Focal ón Eagarthóir*



**Máirtín Ó Catháin, Eagarthóir, Iorras Aithneach 2007**

Bliain eile thart … agus nach gearr a bhí sí ag imeacht.

Is dóigh, go bhfeictear Irisleabhar Iorras Aithneach mar chomhartha go bhfuil an Nollaig ar leic an dorais aríst agus bliain nua eile ar an táirseach.

Féachann foireann Irisleabhar Iorras Aithneach le pictiúr a thabhairt don bhliain atá caite – idir phíosaí scríofa agus phictiúir. Ní féidir súil a choinneáil ar chuile short; coiste deonach atá ag déanamh na hoibre. Ach, tá súil againn go dtugann an Irisleabhar léargas maith go leor ar shaol an phobail inniu agus inné.

Is iomaí sin cor a thagann ar shaol an phobail ó bhliain go bliain. Tá idir dheá-scéalta agus droch-scéalta san Irisleabhar seo. Ach, thar aon bhlas eile tá súil againn go mbainfidh an pobal anseo sa mbaile agus an pobal thar sáile sult agus solamar as *Iorras Aithneach 2007*. Tá súil againn go bhfuil eolas roinnt spéisiúil inti…agus tá súil againn freisin go mbainfidh sí amach corr gháire!

Tá pobal breá againn i gcónaí. Níl le déanamh againn ach breathnú ar na pictiúir do na daoine óga agus tá an mhuinín, an dóchas agus an spleodar le tabhairt faoi deara go feiceálach orthu. Go mba fada a bheidh siad mar sin!

Ach, tugann cuid don eolas atá anseo – agus na sean phictiúir – léargas ar shaol crua na haimsire a caitheamh. Gan bhuíochas dó sin, bhí cultúr agus béaloideas, scéalaíocht, amhráin agus ceol anseo a bhí chomh maith agus a bhí le fáil in áit ar bith. Thug lucht cruinnithe béaloidis suas é don taobh seo tíre.

Tá cúlra saibhir againn. Ach, tá an daonra óg ag fáil gann. Agus ní hiontas é sin nuair atá obair agus réimse jabanna gann. Sin scéal tromchúiseach.

Bíodh an chraic agaibh ar *Iorras Aithneach 2007*. Sin é an t-údar go bhfuil sí ann. Ní shásóidh muid chuile dhuine ach tá a ndícheall déanta ag baill an choiste.

Beannachtaí na Nollag oraibh anseo … agus i bhfad ó bhaile … agus go mba fearr a bheidh sibh bliain ó inniu.

Máirtín Ó Catháin

## Coiste an Irisleabhair

Seo é an Coiste a bhí againn i mbliana – Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin, Louis Mac an Iomaire, Máirtín Ó Gríofa, Áine Máire Ní Fhlatharta agus Máirtín Ó Catháin.

Ba iad Áine Máire Ní Fhlatharta agus Máirtín Ó Gríofa ba mhó a thóg na pictiúir i mbliana ach thug daoine eile pictiúir dúinn freisin.

Tá buíochas ag dul do Jackie Ó Droighneáin agus do Mhurt Ó Cualáin in Údarás na Gaeltachta agus do Phádraig Ó Loideáin i FÁS as an gcúnamh a thug siad le scéimeanna pobail a chuidigh go mór leis an Irisleabhar seo. Go bhfágfa Dia an t-sláinte acu. Ar ndóigh déanann Clódóirí Lurgan an-obair ar an Irisleabhar agus tá buíochas ar leith ag dul do Sorcha Ní Chonghaile.

Is iomaí sin duine a chuidigh linn. Nár laga Dia sibh uilig.

Máirtín Ó Catháin

## An Clúdach tosaigh

***Barr ar chlé***: Niall Ó Cadhain as Gabhla, peileadóir sinsir na Gaillimhe.
***Barr …i lár báire*** – Máirín Ní Chonghaile (ar chlé) agus a deirfiúr Bairbre Ní Chonghaile.
***Barr ar dheis*** – Máire Ní Ghaora as an gCrumpán agus William de Búrca as mBantrach Ard – ócáid DEBS na bliana seo.
***Téigh go dtí an taobh clé aríst*** agus sin iad an Séiplíneach as Cill Chiaráin, an tAthair Séamus Mac Dubhghail agus Sagart Pobail Charna, an tAthair Peadar Ó Conghaile ag Teampall Mhic Dara ar an 16ú Iúil. Fear óg ansin freisin ag coinneáil súil ar an Eaglais agus ar an saol mór!.
***In Íochtar ar chlé***: bean óg ag Céibh Chill Chiaráin.
***In íochtar, ar dheis:*** Na Gríofa as Muigh Inis i Londain i mbliana. Bríd (ar chlé) agus Síghle
***Leath bealaigh suas ar dheis*** – Seán Ó Caonaigh as Gabhla … fear rothair den scoth a chuir na mílte míle bóthar dó i 2007.
***I lár báire*** – Rebecca Ní Mhaoilchiaráin, iníon Mháirtín Phádraig a’ Chaiptín as Leitir Ard ag dul go hOileán Mhic Dara i mbliana. Bhí sí 19 mí an lá sin. ...
agus beagáinín taobh thuas, Pádraig Tom Phatch agus a bhosca ceoil ar oileán Mhic Dara i mbliana.

## An Clúdach cúil – Taobh istigh

***Barr ar chlé*** – Máirtín Bairéad as Duibh Ithir ag breathnú uaidh ar Chéibh Chill Chiaráin ag oscailt na Céibhe.
***Barr ar dheis*** – Seosamh Ó Maoilchiaráin as Leitir Ard (Joe Phádraig an Chaptaen) ag reiteach le dhul chun seoil.
***Leath bealaigh, ar chlé*** – Muintir Shraithe Salach i mBoston. Ó chlé – John Sullivan as Doire Fhada, Martin Faherty as Garaman agus Paddy Sullivan as Doire Fhada. Tógadh an pictiúr ag páirc Canton.
***Leath bealaigh, ar dheis*** – Clann Mhic Thábhís as Carna i mBoston. Bridgie ar chlé sa líne cúil agus Joe Mac Táibhís agus a bhean agus a chlann.
***In íochtar*** –Foireann mionúir peile na Gaillimhe a bhuaigh Craobh na hÉireann i mbliana. Ba as cumainn i gConamara beagnach leath na foirne.

## Clúdach cúil

***In uachtar*** – “Bláth na hÓige” – bád na gCualáin as Carna.
***In íochtar*** – fir óga an cheantair faoi bhláth roimh DEBS na bliana seo agus an *fuschia* faoi bhláth freisin taobh thiar díobh gar go dtí Tigh Mhóráin i gCarna.

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway

**Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,**
**Áras Shorcha Ní Ghuairim, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh  Carna, Co na Gaillimhe.**



http://www.arascarna.nuigalway.ie

**Fón: 095 – 32834/32835 Facs: 095 - 32836**
**Ríomhphost: riar@oegcarna.com  Ríomhphost: nora.uishuilleabhain@oegaillimh.ie**

Tá sé mar bhunaidhm ag an Ionad deiseanna oiliúna agus forbartha atá dírithe ar an nGaeilge a chur chun cinn sa limistéar, mar aon le deis a thabhairt do Ghaeilgeoirí agus dóibh siúd ar suim leo cultúr na Gaeltachta páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí san Ionad.

Áiríonn na deiseanna seo:

- Cúrsaí tríú leibhéal sa Ríomhaireacht trí mheán na Gaeilge
- Clár Forbartha Béaloidis sa phobal
- Deiseanna d'fhoghlaimeoirí Gaeilge
- Seirbhís tacaíochta riaracháin trí Ghaeilge don Phobal.

Tacaíocht do reáchtáil féilte cultúrtha

# An Fóram Do Phobal Iorras Aithneach


**foram@eircom.net   Guthán: 095-32744**

**Coiste na gCathaoirleach**

Tomás Ó Niadh, Máire Ní Uaithnín, Máirtín Ó Catháin, Ciarán Ó Maoláin.

**Na Baill**

Dr. Micheál Ó Cathasaigh, Máirtín Ó Gríofa, Máire Uí Chuinneáin, Micheál Breathnach, Susan Uí Chatháin, Deirdre Uí Chualáin, Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin, Roibeard P. Ó hÉilí, Ann Marie Ní Fhlatharta, Máire Uí Loideáin, Bairbre Uí Mhaoilchiaráin, Gearóid Ó Cosgordha, Alison Ní Chadhain, Beartla Breathnach, Micheál Ó Maoláin, Cóilín Ó Cualáin, Máire Áine Ní Neachtain, Macdara Ó Cuaig, An tAthair Peadar Ó Conghaile, Alma Mhic Fhlannchadha, Seosamh Ó Cuirrín, Tomás Ó hIarnáin, Eibhlín Uí Mhaoláin, Máire Uí Bholguidhir, Rosario Ní Shuilleabháin, Siobhán Ní Mhaoilchiaráin, Dara Ó Flatharta, Louis Mac an Iomaire, Máire Uí Iarnáin, Brigid Keaney-Earl, Nóirín Nic an Iomaire, Seán Ó Cualáin.



# *Tigh Mheaic*

*Le ceol agus craic chuile dheireadh seachtaine*

**Beatha ar fáil chuile lá i gcaitheamh an lae**

**~Gáirdín Beorach~**









**Fón: 09532730**

**Ríomhphost: tighmheaic@gmail.com** **www.bebo.com/TighMheaic**

# An bhliain 2008

## *– clár oibre Fhóram Iorras Aithneach*

**Beidh Fóram Iorras Aithneach ag iarraidh go ndéanfaí na rudaí seo leanas sa gceantar i 2008:**

- Caoi cheart ar an mbóthar R. 340 uilig – sin as Carna go Scríb agus as Carna chomh fada leis an Sraithe Salach;
- Go dtosnófaí scéimeanna séarachais Chill Chiaráin agus Charna;
- Go dtógadh Comhairle Chontae na Gaillimhe scéim árasáin do dhaoine a mbeadh áit chónaithe ag teastáil uathu go géar…agus go dtabharfaí scaitheamh dóibh sna hárasáin sin nó go mbeadh áit chónaithe buan faighte acu;
- Go dtosnófaí an obair dháiríre ar na páirceanna Achmainní Mara i gCill Chiaráin agus ag an "Lab" i Muigh Inis. Tá €4.2m ceadaithe ag Údarás na Gaeltachta le haghaidh na hoibre i Muigh Inis ach sin airgead ar pháipéar…agus níl aon chosúlachtaí ann go bhfuil an obair ag tosnú.
- Tuilleadh obair fheabhsúcháin agus maisiúcháin ar shráidbhailte Chill Chiaráin agus Charna.
- An fhorbairt a bhí i gceist ar Áras Shorcha Ní Ghuairim. Bhí Plean bhreá ann ach níl aon amharc ar an obair ar an talamh.
- Naíolann ar an Eastáit Tionscail – cuid mhaith oibre déanta ach níl an beart déanta fós.
- Oifig Comhairle Contae i gCarna – ba cheart do Chomhairle Contae na Gaillimhe an obair a dhéanamh ar seo i gcomhar le Údarás na Gaeltachta. Tá moladh déanta againn go mbeadh seirbhísí ann mar atá in oifig na Comhairle Contae ar an gCeathrua Rua. Ba cheart go mbeadh Leabharlann lonnaithe ann.

* * *

Le cois na bhforbairtí áitiúla beidh muid ag iarraidh go gcuirfí dlús agus teannamh leis na nithe seo leanas:

- Bóthar glan nua as Scríb go Gaillimh.
- Forbairt mhór ar an bpríomh bhóthar idir Gaillimh agus an Clochán – sin bóthar tábhachtach dúinne anseo freisin.
- Líne nua chumhachta as Gaillimh amach go Conamara.
- Córas iomlán "broadband" do iarthar Chonamara uilig.

* * *

Tá rudaí go leor eile idir lámha freisin….

- Tacú leis an gcóras sláinte agus dochtúrachta sa gceantar. Tá sé riachtanach go seachnófaí an córas WestDOC…mar atá sé múnlaithe anois…sa taobh seo tíre.
- Trá bratach gorm sa gceantar – tá an Chomhairle Contae ag tarraingt na gcos.
- Reilig nua … nó an tsean reilig a mhéadú i Muighros.
- Feachtas le haghaidh stáisiún nua Gardaí i gCarna…



**Tomás Ó Nídh, duine de Choiste na gCathaoirleach ar Fhóram Iorras Aithneach**

**Agus go leor eile!!!!!**

## Nioclás Ó Conchubhair Teo
## Homevalue

# Leitirmóir, Co na Gaillimhe

**Fón: 091-551 114 Faics: 091-551 258**

## Rogha agus Seirbhís den Scoth

*Quality Choice Service*

## Stór Nua Oscailte anois i gCasla

## Fón: 091-506111

## Faics: 091-506044

*Ábhar Tithíochta, Pluiméireacht, Leictreach,*
*Meaisín Níochán, Soirn, Crua Earraí,*
*Péint & Srl*


# Trí Leabhar mhóra Gaeilge…Amhráin…agus Béaloideas Cheantar Iorras Aithneach


**Foillsíodh trí leabhar in imeacht na bliana 2006 a bhain le Gaeilge, Amhráin agus Béaloideas Iorras Aithneach. Sé Briain Ó Curnáin, saineolaí Gaeilge, a chuir an saothar faoi nGaeilge sa gceantar i dtoll a chéile - "The Irish of Iorras Aithneach County Galway". An tInstitiúid Ard Léinn i mBaile Átha Cliath a d'fhoilsigh.**


'Sí Ríonach uí Ógáin as Ollscoil na hÉireann i mBaile Átha Cliath a chuir Dialann Shéamus Ennis in eagar agus baineann go leor dó seo le ceantar Charna agus Chill Chiaráin. Cló Iar-Chonnachta a d'fhoilsigh. Ba sa gceantar seo a bhailigh Séamus Ennis cuimse don na hamhráin agus don bhéaloideas a chuir sé i dtoll a chéile.

Sé Liam Mac Con Iomaire a scríobh an leabhar faoi Joe Éinniú (Seosamh Ó hÉanaí) an fonnadóir clúiteach as an Aird Thoir. Cló Iar-Chonnachta a d'fhoilsigh.

Ar ndóigh, bhí cuimse amhránaithe, scéalaithe agus seanchaithe i gceantar Charna agus Chill Chiaráin agus tugann na leabhra seo uilig léargas ar an saibhreas Gaeilge, ceoil agus cainte sa taobh seo tíre.






# Europus Teoranta

**AN COMHLACHT TEANGA**

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

Fón: 091-572082 Faics: 091-572335 europus@indigo.ie

## Aistriúchán Béarla/Gaeilge

*Comhlacht gairmiúil aistriúcháin le haistritheoirí oilte den scoth*
*Ag soláthar táirgí teanga den scoth do chomhlachtaí rialtais*
*agus do chuideachtaí príobháideacha agus do dhaoine aonair.*

- An scoth ó thaobh teanga agus seachadta
- Obair go dlúth leis an gcliant
- Deis ag an gcliant athruithe a dhéanamh le linn an phróisis aistriúcháin
- Meastacháin in aisce
- Aistriúchán in am agus sa leagan amach a éilítear
- Aistriúchán ar fáil go tapa
- Rúndacht agus cúirtéis i gcónaí

**Aistriúchán ar an bhfón - 1580 22 77 88**

*Scoth na Seirbhíse, Scoth an Aistriúcháin, Taithí na mBlianta*

**An tAistriúchán Gairmiúil - Aistriúchán Europus**

EUROPUS

# Carna-Caiseal 2007

*Séamus Ó Coileáin*

## Tuairisc na bliana

**Cé nach bhfuil aon chupán ná sciath le taispeáint ag an gCumann ag deireadh na bliana bhí 2007 tairbheach go maith i go leor bealaí eile. Ghlac sé fhoireann faoi aois páirt in sna comórtais éagsúla ó faoi 10 go faoi 21 agus don chéad uair riamh cuireadh trí fhoireann sinsearacha chun páirce – sóisear C, sóisear B agus Idirmheánach. Comh maith le himirt na gcluichí, ar ndóigh, bhí traenáil ar siúil ó dheireadh Eanáir go Deireadh Fómhair. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an gCumann maidir le páirc thraenála i gCill Chiaráin agus réamhobair déanta ó thaobh fhorbairt na seomraí feistis i bpáirc Charna. Tá an Lotto áitiúil ag dul ar aghaidh go maith i gcónaí agus táthar ag súil nach mbeidh gá le aon fheachtas bailiúcháin airgid breise a reachtáil do na forbairtí atá beartaithe sa amach anseo. Bhí an dinnéar bliantúil ag an gCumann in Óstán Charna san Earrach agus bhí Eoin O'Donnellan, iarbhainisteoir Bhóthar na Trá Cnoc na Cathrach i láthair mar aoí. Rinne imreoirí óga an Chumainn éacht mór san Earrach nuair a bhuaigh siad Craobh Chonnacht le Scoil Phobail Mhic Dara i bpeil shinsir B na nGairmscoileanna don dara bhliain i ndiaidh a chéile nuair a fuair said an ceann ab fhearr ar Chrois Mhaoil Íona. Ní raibh leaids óga Iorrais Aithnigh náirithe in aon chor nuair a bualadh iad i gcluiche leathcheannais Uile Éireann i gcoinne Seana Chaisleáin na Mí – scoil le breis is 400 scoláirí cláraithe inti!**

## Peil na nÓg

Bíonn traenáil do dhaoine óga i bPáirc Charna gach maidin Dé Satharn ó 10:00 go 11:30. Siad Marcus Ó Maoilchiaráin, Séamus Ó Coileáin agus Seosamh Ó Guairim is mó a bhíonn i mbun traenála le chúnamh ó Mháirtín Ó Clochartaigh.

## Torthaí na bliana

**Faoi 10**

*Bainisteoirí:* Marcus Ó Maoilchiaráin agus Máirtín Ó Clochartaigh.

Imrithe: 5, Buaite: 2, Caillte: 2, Cothrom: 1

# Daoine óga ag traenáil ar Pháirc Charna i mbliana



**Traenáil ar Pháirc Charna.**

# Irish Seafood Producers Group Limited

Cill Chiaráin, Conamara, Co. na Gaillimhe.
Fón: 095-33501 Facs: 095-33453

**An príomh chomhlacht margaíochta
don tionscal feirmeoireacht éisc in Éirinn.**

*Comhgháirdeachas leis an bhFóram Pobail
as a bhfuil déanta acu.*



**Faoi 12**
*Bainisteoirí:* Criostóir Ó Suilleabháin agus Seán Mac Donnacha.
Imrithe: 5 Caillte: 5

**Faoi 14**
*Bainisteoir:* Stiofán Ó Cuirrín.
Imrithe: 6 Buaite: 2 Caillte: 4
*(idir an tsraith agus an chraobh)*

**Faoi 16**
*Bainisteoir:* Feidhlim Breathnach
Imrithe: 9 Buaite: 5 Caillte: 2
Cothrom: 2

Buaileadh iad i gcluiche leathcheannais na craoibhe agus tá cluiche leathcheannais na sraithe le himirt fós acu.

**Faoi 18**
*Bainisteoir:* Seán Ó Luideáin
Imrithe: 7 Buaite: 2 Caillte: 3
Cothrom: 2

Chuaigh said go dtí cluiche ceannais na sraithe i gcoinne An Spidéil agus go dtí cluiche ceathrú ceannais na craoibhe in aghaidh Mhaigh Chuilinn ach, faraor, níor éirigh leo.

**Idirmheánach**
*Bainisteoir:* Val Ó Guairim. Roghnóirí: Seosamh Ó Cualáin agus Séamus Ó Coileáin.

**An tSraith**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Carna Caiseal | 2 – 11; | Micheál Breathnach | 1 – 7 |
| Naomh Feichín | 1 – 5; | Carna Caiseal | 1 – 9 |
| Carna Caiseal | 2 – 12; | An Spidéal | 1 – 7 |
| Naomh Anna | 1 – 6; | Carna Caiseal | 0 – 9 |
| Carna Caiseal | 1 – 10; | Uachtar Ard | 2 -13 |
| Maigh Cuilinn | 2 – 14; | Carna Caiseal | 2 – 9 |
| Naomh Micheál | 1 – 15; | Carna Caiseal | 2 – 5 |

**An Chraobh**
**An chéad bhabhta:**
Carna Caiseal 1 – 8; Ath Chinn 1 – 6

**Babhta na mbuaiteoirí:**
Carna Caiseal 2 – 7; Naomh Anna 2 – 6
**An cluiche ceathrú ceannais:**
Carna Caiseal 1 – 13; Orán Mór Mearaí 0 – 10
**An cluiche leathcheannais:**
Carna Caiseal 1 – 4; Maigh Cuilinn 1 – 13

Bhí tús iontach ag an bhfoireann Idirmheánach le sé phointí sa mhála acu tar éis trí chluiche sraithe agus comh maith leis seo bhí siad tríd go dtí an chluiche cheathrú ceannais sa craobh tar éis dóibh Ath Chinn agus Naomh Anna Leitir Mór a bhualadh. Sa cheathrú cluiche sraithe i gcoinne Naomh Anna i bPáirc a' Mháimín bhí mí-adh ceart orthu nuair a chríochnaigh an cluiche cothrom; bhí ceannas iomlán ag Carna Caiseal sa dara leath ach idir sheansanna curtha amú agus cinneadh amháin aisteach reiteora nuair a bhí saor chic bronnta ar Charna Caiseal os comhair na bpostaí theip ar leaids Iorrais Aithnigh na pointí uilig a thabhairt leo. Ach níos measa fós, b'éigin do Val Ó Féinidh - an laoch sa líne lán chúil – an pháirc a fhágáil go luath sa dara leath agus níor imir sé aon chluiche eile ar feadh an chuid eile den bhliain. Ní raibh a fhios againn ag an am ach ba é seo an cluiche ba chinniúnaí do Charna Caiseal agus bhí tionchar mór aige ar thorthaí eile ag deireadh na bliana.

Ar an 9ú Meán Fómhair i Stáid an Phiarsaigh fuair Carna Caiseal an ceann ab fhearr ar Orán Mór Mearaí i gcluiche ceathrú ceannas na craoibhe ach cailleadh an cluiche leathcheannais i gcoinne Mhaigh Chuilinn go gairid ina dhiaidh sin leis an scór 1 – 4 go 1 – 15. Bhí ár séasúr ag titim ó chéile! Má bhí sos fada ag an bhfoireann i lár an tsamhraidh bhí na cluichí ag teacht go tapa anois agus ina dteannta go leor gortaithe agus nuair a chuaigh an fhoireann chun páirce i gcoinne Uachtar Ard sa chúigiú cluiche sraithe bhí cúigear imreoirí den chéad rogha gortaithe nó ar fionraí agus cailleadh an cluiche leis an scór 1 – 10 in aghaidh 2 – 13 agus chun an scéal a dhéanamh níos measa bhí an cluiche sin sa bhaile. Ach is olc an ghaoth nach séideann do dhuine éigin mar nach raibh pointe sraithe ar bith ag Uachtar Ard agus iad ag tabhairt a naghaidh ar Charna ar an lá sin! Anois bhí an ghaoth bainte as seolta Charna-Caisil uilig agus chaill said an dá chluiche deireanach freisin ag críochnú le seacht bpointe sraithe.

Bhí díomá mór ar chuile dhuine a raibh baint acu leis an bhfoireann leis an mbealach a chailleamar na cluichí deireanacha, go háirithe, tar éis an tús mhaith a bhí againn sa dá chomórtas. Ach, ar nóta dearfadh, chríochnaigh an fhoireann i lár tábla agus le himreoirí óga ag teacht chun aibíochta d'fhéadfadh bandéithe na cinniúna a bheith níos fábharaigh dúinn i 2008!

# Frank Conroy

**M.I.P.A.V.**

## CEANTÁLAÍ

***Seirbhís luachála talúna agus foirgintí***

*"Seirbhís thrí Ghaeilge má theastaíonn sin uait"*

**Uimhreacha teileafóin: 091-869997 nó 087-2231935**



# Paddy Keane

***Ó Catháin Teoranta***

**CONRAITHEOIR TÓGÁLA**

**Gabhla**

Teileafón agus Facs: 095-31017
Teileafón póca: 086-8251276

# Céad slán le Dermot

**D'imigh duine de na fir gnó ba mhó a raibh eolas air sa bpobal ar shlí na firinne i mbliana – Dermot Leavy as an Aird Mhóir. Is iomaí sin pionnta agus leathcheann a líon sé ina theach ósta. Ba as Contae na Mí é Dermot ó dhúchas agus ba ansin a tógadh cuid de na pictiúir.**

**Seo roinnt phictiúir do Dermot lena dheirfiúr agus beirt dhearthár.**







**Barr, ó chlé:**
**Vincent, Brendan agus Dermot.**

**Lár báire, ó chlé:**
**Brendan agus Dermot.**

**In íochtar:**
**Ethel sa gcúl, Vincent, Dermot agus Brendan**

# Jackie Ó Cualáin

## CONRAITHEOIR TÓGÁLA

Carna

**Réitíonn muid an teach ar fad**

Bunsraitheanna • Díonta • Ballaí

Pluiméireacht • Pláistéireacht • Sreangú & Obair Adhmaid

***Cuireann muid seirbhís ar fáil***
***ar fud Chonamara***

*Níl aon jab ró-bheag ná ró-mhór*

**Glaoigh orainn ag:**
**Fón: 095-32331 • Facs: 095-32532**
**Mobile Fón: 087-2249498**

**"MEMBER OF CONSTRUCTION INDUSTRY FEDERATION"**
**C.I.S.**
**"MEMBER OF HOME BOUND"**

# Bád Tarrthála Charna agus na nOileán

*le Máirtín Bairéad*

**Tá sé trí bliana anois ó cuireadh feachtas ar bun chun Bád Tarrthála do chinéal éicint a chur ar fáil den phíosa cósta idir Ceann Léime agus Ceann Gólam. Taréis báthadh tubaisteach an St. Oliver a cuireadh an feachtas seo ar bun. Leagadh amach go dteastódh €300,000 agus trí bliana le h-aghaidh bád a cheannacht, criú a thraenáil agus Teach Báid a thógál.**

Tar éis breathnú ar ionaid éagsúla socraíodh gurbh é an Más an áit ba chóiriúla. Is dócha go raibh tionchur nach beag ag an mbaint a bhí ag Naomh MacDara leis an Más ar an socrú sin.

Bunaíodh Comhlucht ar dtús, "Bád Tarrthála Charna agus na nOileán Teo". Dúirt an RNLI linn, chomh fada agus a bhain sé leo, nár cheap siad go raibh gá le bád tarrthála san áit ach go mbreathneofaí ar an gcás arís faoi cheann roinnt blianta. Dúirt an Garda Cósta go mbeadh suim acu cúnamh a thabhairt dúinn nuair a bheadh bád agus teach báid againn agus criú traeneáilte. Caithfidh an criú a dhul faoi dhian–scrúdú. Sé an *Irish Water Safety Council* a dhéanfas an scrúdú seo. Má éiríonn leo sa scrúdú sin bhféidir go nglacfaí leo mar "Declared Facility" den Gharda Cósta.

Tá os cionn €200,000 bailithe, tá criú traenáilte agus tá cead pleanála faighte den teach sa Más ar ionad a thug fear flaithiúil dúinn in aisce. Ní gá ainmneacha a lua anseo ach amháin a rá go bhfuil míle buíochas ag dul do chuile dhuine a raibh baint acu leis an bhfeachtas seo. Is trua nár tháinig níos mó daoine isteach linn go mór mhór an dream óg. Tá an Bád Tarrthála bunaithe anois. Beidh sé faoi dhaoine eile, go mór mhór an dream óg "Bád Tarrthála Charna agus na nOileán" a choinneál ag imeacht sna blianta amach romhainn.




Trosc Toranta
f/ch Taighde Mara Teo.
Carna
Co. na Gaillimhe
Tel: (+353 95) 32225; Fax: (+353 95) 32300; email: info@taighde.ie
An chéad fhómhar Trosc
ó
fheirm in Éirinn
Eanáir 2007

# Pósadh



Pól Ó Féinneadha as Leitir Deiscirt agus Caroline Fealy as Gaillimh. Phós sa tSionnainn 20-7-2007.



Maitiú Ó Máille as Gabhlán, Doire Iorrais agus Bridie Ní Chonghaile as Leitir Mucú. Sa bPortaingéil ar an 25 Meitheamh, 2007.



Julie Ann Ní Fhlatharta as Taombeola agus Mark Worley as Taombeola. I Séipéal Chloch na Rón ar an 15ú Meán Fómhair 2007. Ar chlé, máthair na brídeoige, Bairbre (Ní Ghuairim) as Leitir Ard agus athair na brídeoige, Frank



Stiofán Ó Cualáin as Carna agus Dervla Mee as Gaillimh a phós i nDeireadh Fómhair 2006.

# Fathacha Spóirt na hÁite



▲ Fathach dornalaíochta – Kevin McBride an dornálaí trom-mheáchain a bhí ina Aoí Speisialta ag Féile an Triathlón i gCarna i 2005. Tá sé i mbun traeneála anois arís i mBoston. Chuaigh an Garda Máirtín Ó Gríofa anonn le challenge a chur air agus tógadh pictiúr seo i mBoston sa samhraidh.



▲ Fathach ar an rothar – Seán Ó Caodhna as Gabhla. Bhí sé imeasc dream rothaíthe a rinne an aistir ó chósta Chill Mhantáin siar go hAcaill in imeacht aon lá amháin i mbliana – sin 216 míle. San Iodáil a tógadh an pictiúr seo agus John ag ligean a scíthe théis píosa snámha agus ar thuras mór rothaíochta sna cnoic.



▲ Fathach peile – Niall Ó Cadhain as Gabhla a d'imir sna leath chúlaíthe do fhoireann shinsir peile na Gaillimhe i gCraobh Chomórtas Peile na hÉireann i mbliana.



▲ Fathach ag bord na gcártaí – Joe Connolly as Coill Sáile ag imirt *Poker* ar fhoireann na hÉireann i mBarcelona i mí Mheán Fómhair. Tá draoícht aige ag plé leis an bPoker. Imríonn sé go leor dó ar an idirlíonn ar an ríomhaire ina theach féin agus na mílte eile sna cluichí céanna ar fud an domhain.



◀ Fathach as Massachussetts – Seo é Marcus Ó Maoilchiaráin a bhí ina sheaimpín carraíochta trom-mheacháin sna High Schools i Stát Mhassachussets i mbliana. As Caladh bhFuínse é a athair Feichín (Festy) agus sí Winnie Walsh, iníon le Pat Walsh, fear an Union i mBoston, a mháthair. Tá Marcus go hard os cionn 6 troithe agus é tuairim 20 cloch mheácháin.

# Craobh Mionúir na hÉireann ag Gaillimh

**Ócáid iontach a bhí inti ar an 16ú Meán Fómhair nuair a bhuaigh Gaillimh Corn Mionúir Peile na hÉireann. Bhí ceangal mór ag Conamara leis an mbua seo agus tá daoine muintireacha le cuid de na peileadóirí sa bpobal seo. Pictiúir anseo ón gceiliúradh.**



Antoine Ó Gríofa an fear mór lár páirce as Tír an Fhia agus a uncail, Máirtín Ó Gríofa, Garda Charna.




Aintíní le Antoine Ó Gríofa ag ceiliúradh i mBaile Átha Cliath oíche an Chluiche Ceannais. Ó chlé: Nóra (Raidió na Gaeltachta), Bríd agus Rita.



◀ Fáilte ag Tígh Khitt i nDoire an Fhia. An caiptín, Paul Conroy i lár báire. Sí Nóra Uí Chualáin (Nóra Jackie) as Carna aintín Phaul. Ar chlé tá Antoine Ó Gríofa as Tír an Fhia – mac dearthára leis an nGarda Máirtín Ó Gríofa (Carna). B'iad seo an bheirt lár páirce ag Gaillimh.

Joe Poliafico as Boston agus Corn Tommy Markham. Caitheann Joe píosaí móra i Muigh Inis. Ba as sin í a bhean, Marie Pheadairín – go ndéana Dia grasta uirthi. ▶



Bliain mhór a bhí intí do Antoine Ó Gríofa. Bhuaigh sé Craobh na hÉireann sa dornálaíocht trom mheáchan Faoi-19 freisin. Antoine ar chlé sa bpictiúr seo ag bualadh buille ar Chaoimhín Ó Ciardha as Muigheo sa mbabhta ceannais.






▲ Bus na Gaillimhe ar an bhFaiche Mhór i nGaillimh.

# Peileadóirí



Corn Chúige Chonnacht dá bhronnadh ar Cholmán Ó Maoilchiaráin, caiptín fhoireann Scoil Phobail Charna théis dóibh an ceann is fearr a fháil ar Choláiste Thiornáin, Crois Mhaoilíona, Co Mhuigheo. Sé Michael Herr, Rúnaí Choiste Peile Ghairmscoileanna Chonnacht atá ag bronnadh an Choirn.



Foireann peile Scoil Phobail Charna a bhuaigh Craobh Ghairmscoileann Chonnacht ina ngrád féin agus a chuaigh go cluiche ceannais na hÉireann sa Márta seo caite: Líne cúil, ó chlé: Daniel Ó Connaire, an Gleann Mór, Colm Ó Neasa, Coill Sáile; Ciarán Boulguidhir, An Aird Mhóir; Rónán Ó Ceannabháin, Leitir Deisceart; Páraic Breathnach, An Aird Thiar; Máirtín Ó Máille, Doire Iorrais; Seán Pól Ó Conaola, Bóthar a' Chlochair; Máirtín Óg Mac Donnacha, An Aird Mhóir; Albert Ó Conaire, Muighros; Micheál Ó Cualáin, Muighros; Paraic Ó Cualáin, Carna; Séamus Ó Coileáin, Bainisteoir, Muighinis. Chun tosaigh ó chlé: Ciarán Ó Cillín, Dubhithir; Murchadha Ó Cualáin, Carna; Aindriú Mac Donnacha, An Aird Mhóir; Seán S. Ó Cuirrín, An Aird Mhóir; Seosamh Breathnach, An Aird Mhóir; Colmán Ó Maoilchiaráin (captaén), Bantrach Ard; Padraig S. Ó Ceannabháin, An Aird Mhóir; Dónal Ó Loideáin, Carna; Seosamh Ó Maoilchiaráin, Muighinis; Cathal Ó Luideáin, An Coillín; Seán Ó Coirbín, Dubhithir.

# Triathlon






Théis an Triathlon – Ó chlé: Sandra Daly, Sarah Clancy, Sorcha Bolger as an Ard Mhóir, Des Bishop (an fear grinn) ar dheis uilig Ruth Moylan as Cill Chiaráin agus Inis Oírr.

An Dr. Bairbre Ní Mháille as Doire Iorras ag coinneáil súil ar an Triathlon ón sconsa i gCill Chiaráin.

Ag cruinniú airgid i gCill Chiaráin....Lá an Triathlon i gCill Chiaráin. Ó chlé – Sibeál Ní Fhlatharta (An Aird Mhóir), Mairéad Bhreathnach (an Aird Mhóir) agus Kate Ní Chualáin (Carna). Bhí siad ag bailiú do chiste an Bháid Tarrthála. ▶



Joe Breathnach as an Aird Mhóir dá thabhairt do na bonnachaí. ▼






▲ Pádraig Breathnach (Phat Thomáis) agus Liam Ó Flatharta (Liam Dara Beag) a bhí páirteach san Triathlon.

# Pobal na Mara



▲ An chéad trosc ar an margadh de bharr tionscail na feilméireacht troisc in Éirinn – Ar an 11ú Eanáir 2007 agus Cuan na Beirtrí Buí ar gcúla. Ó chlé: Paul Casburn (Taighde Mara Teo), Micheál Breathnach (Leitir Mealláin), Cóilín Mac Donnchadha (Leitir Móir), Dara Óg Ó Flatharta (An Aird Mhóir), Ciarán Mac an Iomaire (Leitir Ard) agus Seán Ó Domhnaill (Leitir Ard).



▲ Cuan Dorchester gar do Boston – Colie Lydon as Ruisín na Mainíoch ó dhúchas agus Susan Uí Catháin as Gabhla. Bhí Cóilín chomh ceanúil sin ar an gcurrach a bhí aige ina fhear óg sa mbaile agus gur tugadh an currach sin go Boston agus is ansin atá sí anois.



▲ Gradam na Mara – Joe Mhadaoin as Fínis anseo le Dara Bailey sa gCapall ag Céibh Chill Chiaráin i mbliana. Fuair Joe Gradam na bliaina seo ó Choiste Fhéile Chill Chiaráin. Mairnéalach agus fear farraige don scoth.



Cladaí Mhuigh Inse – Johney Ó Clochartaigh, duine de mhór bhainteoirí feamainne an cheantair. Rinne píosa speisialta faoi san 'Irish Times'. ▶

# I gCuideachta na Cumhachta



An siosúr san aer aige agus é ag oscailt an tsíneadh ar Chéibh Chill Chiaráin…an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, T.D. Sa bpictiúr ó chlé: ?, an Comhairleoir Contae Michael Mullen, Méara Chontae na Gaillimhe; Éamon Ó Cuív, an tAthair Séamus Mac Dúill, Séiplíneach Chill Chiarán agus an tAthair Peadar Ó Conghaile, an Sagart Pobail.



Bhí an t-iar Thaoiseach, Garret Fitzgerald i gCarna i mí Iúil agus d'fhan sé i "Sonas" – teach lóistín Ann Dowd. Bhí gar iníon leis ag freastal ar an gColáiste Gaeilge anseo. Seo é Garrett Fitzgerald i gcuideachta Ann Dowd.



An tArd Cheannphort, Dónal Ó Cualáin arbh as sráidbhaile Charna ó dhúchas dó. Ceapadh Dónal ina Ard Cheannphort i 2005 agus sé atá i gceannas ar na Gardaí i gcuid mhór do chontae na Gaillimhe.



Bhí an Comhairleoir Seosamh Ó Cuaig i Stormont – ceanncheathrú na cumhachta i dTuaisceart na hÉireann i mbliana. Sa bpictiúr, ó chlé: Jim McGovern, Príomh Fheidhmeannach Údarás Réigiúnach Forbartha an Iarthair; an Comhairleoir Cathrach, Párdaig Conneely as Gaillimh (agus an Clochán ó dhúchas) ... an Comhairleoir Contae, Tomás Ó Raghallaigh as Tuaim agus an Comhairleoir Contae Seosamh Ó Cuaig. Ag déanamh staidéir ar an "Broadband" a bhí siad ó thuaidh.



An Seanadóir Ted Kennedy agus Susan Uí Chatháin as Gabhla ina chuideachta i mBoston i mbliana. Feachtas Toghcháin Seanaid a bhí ann. Bhuaigh Kennedy arís. Tá sé ina Sheanadóir do Mhassachussets ón mbliain 1962 i leith. Tá sé 75 anois.

# Garraí na nAinmhithe



Ag fanchht lena mháistir: Bhásaigh Pádraig Val Ó Gaora as Leitir Deiscirt cheithre bliana ó shin. Bhí Pádraig ina chónaí leis féin … é féin agus a ghadhar. Ariamh ó bhásaigh Pádraig, ní chorródh an gadhar don tsráid. Tugann muintir an bhaile beatha dó. Tógadh an pictiúr seo do ghadar dílis Phádraig Val Ó Gaora ar an t-sráid i Leitir Deiscirt le gairid.



Cléibh agus fear rua: Seo é Pádraig Ó Guairim as Leitir Ard (Pádraig Joe Bheartla Rua) agus é ag obair leis an asal agus na cléibh roinnt mhaith blianta ó shin. Obair nach bhfeictear mórán feasta.



Cruóg ar an gcat! – Níl a fhios againn an raibh an cat bocht seo ag iarraidh a dhul ar an teileafón ach fuair an bhean ceamara sin againne amharc air agus é ag dreapadóireacht gar do Charna.



Bó sneachta – Ní raibh aon 'Ghlobal Warming' ann an lá seo. Lá fuar ag beithigh gar do Chuan na Beirtrí Buí roinnt mhaith blianta ó shin.



"Triplets" – Trí uan a rugadh do chaora le Seán Joe Bheartla Rua i Leitir Ard i mbliana. Máthair agus a clann in éindigh anseo.



"Mé Féin agus mo mhate" a bhaist Micheál Ó Cadhain as Gabhla ar an bpictiúr seo agus é ag comhrá leis an Asal seo i nGlinnsge.



Dochtúr asail? – Seo é an Dr. Peter Keenan as Baile Átha Cliath. Máinlia agus saineolaí ar dhochtúracht gasúr é an Dochtúr Peter Keenan in Ospidéal Shráid an Teampaill agus tá sé ag teacht thart taobh Leitir Ard ó bhí sé ina ghasúr. Sa bpictiúr déanann an Dr. Peter scrúdú ar dhrad asail!


# BÓTHAR CHONAMARA

## Cairde thar Sáile

Tá cath mór troidthe againn ag iarraidh Bóthar Nua as Iarthar Chonamara go Gaillimh.
Tháinig ár gcairde i gcéin i gcabhair orainn.

*Ar dheis:*

<u>**Martin Walsh**</u>
**Feisire Páirliminte i Massachusetts**
As Rosmuc a mháthair agus as Carna a athair.







*Ar chlé:*

<u>**Danny Ó Flatharta.**</u>
An fear a rinne an ceangal idir currachaí Chonamara agus cathair New Orleans. Chuaigh sé isteach go Comhairle Chontae na Gaillimhe ag tacú le feachtas an Bhóthair.

Feichín O'Flatharta
Seirbhís
Mionbhus/Hackney

087-2347776



**Ait ar bith**
**Gaillimh,Clochán,Ceathrú Rua…….**

**Glaoith am ar bith…..**

*Beannachtaí na Nollaig don Phobal uilig.*

# Éisc Uí Fhlatharta Teo.

An Aird Mhóir, Cill Chiaráin, Co. na Gaillimhe
Teil: 095-32208 Fax: 095-32504

## FEILMÉIREACHT ÉISC

***An Bradán***

**STIÚRTHÓIRÍ:**
**DARA BEAG Ó FLÁTHARTA,**
**LIAM Ó FLÁTHARTA**

# Daonra an Phobail

## *An claonadh le 17 bliain*

***(Cuirtear san áirimh daoine óga atá i gColáiste srl ach a thagann abhaile mórán chuile dheireadh seachtaine sa gcomhaireamh a dhéanann muid ar an daonra.)***

| **BAILE** | **1990** | **2005** | **2007** |
|---|---|---|---|
| Doire Iorrais | 78 | 88 | 68 |
| Coill Sáile agus Ros Dugáin | 103 | 101 | 99 |
| Loch Con Aortha | 90 | 74 | 75 |
| Cill Chiaráin (sráidbhaile) | 149 | 157 | 128 |
| Áill na Brún/Bántrach Ard | 78 | 104 | 101 |
| An Aird Mhóir | 152 | 208 | 206 |
| Caladh bhFuinnse | 86 | 94 | 97 |
| Ruisín na Mainíoch | 113 | 105 | 107 |
| **Muigh Inis** | | | |
| Cartúr | 41 | 40 | 35 |
| Feithearnach | 76 | 60 | 52 |
| Meáll Rua | 40 | 43 | 37 |
| Ruisín an Chalaidh | 4 | 6 | 8 |
| An Crumpán | 45 | 45 | 50 |
| **Carna:** Ó Tigh Jackie Dowd go dtí Óstán Charna | 117 | 170 | 148 |
| Leitir Deiscirt | 37 | 31 | 32 |
| Coillín | 49 | 29 | 30 |
| An Aird Thoir | 60 | 52 | 47 |
| An Aird Thiar | 69 | 56 | 47 |
| An Más | 41 | 29 | 20 |
| Leath Mhás | 4 | 3 | 3 |
| Duibhither | 66 | 75 | 59 |
| Muighros - soir chomh fada leis an scoil | 85 | 66 | 79 |
| Leitir Ard, Damhros -agus siar go Scoil Mhuighrois…. | 123 | 104 | 89 |
| Glinnsge | 64 | 56 | 61 |
| Caladh an Chnoic | 7 | 6 | 7 |
| Gabhla | 41 | 32 | 30 |
| **Iomlán** | **1818** | **1758** | **1715** |

## An Líon gasúr sna Bunscoileanna

### *An claonadh le 17 bliain*

| **Scoil** | **1990** | **1999** | **2004** | **2007** |
|---|---|---|---|---|
| Muighros | 38 | 13 | 7 | 3 |
| Muigh Inis | 33 | 26 | 11 | 14 |
| Carna | 78 | 54 | 50 | 41 |
| An Aird Thiar | 61 | 35 | 32 | 31 |
| Cill Chiaráin | 73 | 59 | 21 | 24 |
| An Aird Mhóir | 50 | 66 | 50 | 51 |
| **Iomlán** | **333** | **263** | **171** | **164** |

**Tá na figiúirí sin sách simplí. Tá laghdú 50% ar an líon gasúir bunscoile sa bpobal le 17 bliain.**




RTÉ RAIDIÓ
NA GAELTACHTA
www.rte.ie/rnag
92 - 94 FM & 102.7FM

# Cá bhfuil muid anois?

*le Seosamh Ó Cuaig*

**Comhairleoir. Contae agus Comhalta ar Bhord Údarás na Gaeltachta**



**C*á bhfuil muid anois?* Sin í an cheist a chuir Coiste an Irisleabhair "Iorras Aithneach 2007" orm. An scríobhfainn cuntas ar Iorras Aithneach ag deireadh na bliana seo 2007? An dtabharfainn pé ar bith eolas atá agam mar Chomhairleoir Contae agus mar Chomhalta ar Údarás na Gaeltachta ar an dul chun cinn…nó a mhalairt…atá déanta sa taobh seo tíre i mbliana?**

Bhuel, ar an gcéad iarraidh, tá sé le rá go bhfuil obair mhór déanta arís i mbliana ag coistí agus ag grúpaí atá ag obair go deonach sa bpobal seo. Murach an obair sin, ba bhoichte go mór é ceantar Chill Chiaráin agus Charna ar mhórán bealaí. Is breá an rud é go bhfuil Irisleabhar Iorras Aithneach againn freisin teacht na Nollag - is cuid de thraidisiún agus de stair an phobail seo í an Irisleabhar anois.

*Cá bhfuil muid anois,* a d'fhiafraigh Coiste "Iorras Aithneach 2007" díom…

Bhuel tháinig figiúirí an Daonáirimh amach i mbliana agus 'spáineann siad go bhfuil an líon daoine sa bpobal ag laghdú as éadan i gcónaí. Lena chois sin, tá an líon gasúr bunscoile laghdaithe thar cuimse le 15 bliain agus tá a lorg sin ar Phobalscoil Charna anois; tá iarraidh fáighte acusan freisin. Gan pobal óg fuinniúil, tá muid buailte…agus mura mbeidh deiseanna oibre sa gceantar seo - nó in aice láithreach - ní fhanfaidh an pobal óg ann. Sách dona, a deir tú. Ach tá dóchas agam.

Tá dóchas agam mar go dtuigeann riar mhaith daoine sa bpobal seo an cás a bhfuil muid ann - agus iad as éadan ag iarraidh rud éicint a dhéanamh faoi. Ní féidir an dubh a chur ar an mbán ar mhuintir an phobail seo anois; tá grúpaí agus daoine ann a thuigeann céard atá ar bun agus níl na húdaráis in ann éalú uathu. Ní glactar le bladar ná le seafóid chainte. Is maith an rud é sin. Ach, sa deireadh thiar thall, tá obair mhór le déanamh.

Obair mhall agus obair dheacair atá ar bun agus muid ag iarraidh seirbhísí, bóithre agus cúrsaí oibre a fheabhsú. Caitear coinneáil leis bliain i ndiaidh bliana. *Ca bhfuil muid anois?*

### Na scéalta is deireanaí

Seo é an t-eolas is deireanaí atá agamsa….

- Tá an réiteach tosaithe ar láthair na naíolainne/naíonra i Ruisín na Mainíoch. Tá an tÚdarás ag íoc as sin. Níl réiteach déanta fós faoin airgead uilig atá ag teastáil leis an bhfoirgneamh a dhéanamh agus caithfidh muid coinneáil leis sin.
- Ba cheart go dtosódh an obair ar Ionad Fiontair nua ag ceann thoir an Eastáit Tionscail i Ruisín na Mainíoch go luath an chéad bhliain eile. Tá na praghsanna tagtha isteach chuig Údarás na Gaeltachta ó chonraitheoirí cheana féin. Táthar ag cur an Ionaid seo ann le súil agus go dtiocfaidh dreamanna ann a thosódh rudaí nua ar nós obair theicneolaíochta. Tá béim mhór ar thraenáil theicneolaíochta in Áras Shorcha Ní Ghuairim agus bheifeá ag súil go dtiocfadh tuilleadh as sin.
- Gan seirbhís cheart banda leathan (broadband) ní bheadh mórán den rath ar an Ionad atá luaite agam. Ach tá sé i gceist ag an Údarás um Ardoideachais seirbhís banda leathan den scoth – i bhfad níos láidre ná an rud atá ann anois - a chur ar fáil do Áras Shorcha Ní Ghuairim agus sa Stáisiún Aimsire sa Más. Beifear ag súil go mbeidh buntáistí na seirbhíse seo ag dreamanna eile. Táthar ag súil go mbeidh an tseirbhís nua seo ar fáil an bhliain seo chugainn.
- Is fada gealltanas tugtha ag an Údarás go dtógfaí monarcha próiséala éisc ar thalamh Churraoin i gCill Chiaráin. Tá beagán dul chun cinn déanta sa deireadh – tá an t-iarratas pleanála curtha isteach. Ach ní túisce a bhí sé istigh ná chuir duine ina aghaidh. Moill eile? Feicfidh muid linn.
- Tá coiste as an áit ag iarraidh páirc spraoí do ghasúir a réiteach ar thalamh Churraoin. Tá muid ar a shon sin san Údarás agus tá iarratas ar dheontas curtha chuig an Roinn freisin.
- Theastódh gorlann troisc sa gceantar agus tá cosúlachtaí ann nach fada go dtarlóidh sé. D'éirigh go maith leis na trialacha a rinneadh ar na troisc anseo cheana – tugadh ón ubh go dtí an pláta iad. Ach teastaíonn an gorlann go géar anois leis an scéal a chur níos faide.
- Is fada i gceist an ceangal atá le déanamh idir Údarás na Gaeltachta agus Ollscoil na hÉireann ag an Saotharlann Mara (an LAB) i Muigh Inis. I mbeagán focal, táthar ag súil gur féidir ionaid a bhainfeadh le cúrsaí mara/cladaigh a bhunú ann. Ach bhí moill ann de bharr socruithe a

bhain le léas/teideal ar an talamh thart ansin. Tá sé tuigthe agam go bhfuil an tÚdarás agus dream an Lab tagtha ar shocrú faoi sin anois.

- Ag coinneáil leis an gcladach agus leis an bhfarraige…agus an fheamainn. Tá dream Arramara, monarcha na feamainne, ag iarraidh socruithe agus ceangail a dhéanamh le gnóanna eile sa gcaoi agus go mbeadh bonn níos fearr faoin tionscail. Tá suim curtha ag trí nó ceathair de dhreamanna i gceangal le Arramara Teo. D'fheilfeadh socrú mar sin má tá Arramara le neartú agus tuilleadh daoine le cur ag obair.
- Beidh na tithe gar go Tí Dowd réitithe amach go gairid - 17 acu. Tithe ar "phraghas réasúnach" iad a bhformhór seo. Tá súil agam go n-oibreoidh an scéim go maith. Chuile sheans go mbeidh daoine ag teannadh isteach iontu san Earrach. Go raibh rath agus sonas orthu i Ruisín na Mainíoch.
- Ba cheart go mbeadh an t-uisce as an scéim nua ag dul isteach sna tithe go rí-ghairid. Shíl mé go mbeadh an ceangal sin déanta sa bhFómhar ach pé ar bith scéal é, ní fada uainn é. Jab breá gan dabht agus córas breá uisce ag daoine ó Dhoire Iorrais siar go Carna…siar Muighros…amach Glinnsce agus siar nó go ngabhfaidh tú an-ghar don Abhainn Mhór ag ceann thiar an Chaisil. Sin, ar ndóigh cés móite de na boithre beaga a fágadh as an scéim. Caithfear an cás in a réiteach freisin.
- Níl mé in ann a rá go barainneach cén uair a mbeidh na scéimeanna séarachais i gCill Chiaráin agus i gCarna. Bhí suíochán fada go maith againn ar scéimeanna séarachais sa gComhairle Contae le gairid. Tharraing mé anuas an mhoill atá ar scéimeanna séarachais tríd is tríd leis an Aire atá freagrach astu anois, John Gormley, ag an gcruinniú a bhí againn i mBleá Cliath le gairid. Bhí an Taoiseach agus Éamon Ó Cuív i láthair freisin. 'Spáineann na páipéir is deireanaí atá tagtha as Baile Átha Cliath go dtosóidh na scéimeanna an chéad bhliain eile - 2008. Caithfear coinneáil leis. Ní féidir a dhul i mbannaí ar ghealltanais mar atá feicithe againn; gealladh na scéimeanna seo i 2005, 2006 agus 2007.
- Céard faoi bhóithre? Ní fhéadfainn a rá fós cén t-airgead a bheith ann don bhóthar mór - an R. 340 - i 2008 mar nach bhfuil airgead as ciste Roinn na Gaeltachta fógraithe. Tá a fhios agam go bhfuiltear ag iarraidh tuairim is €300,000 as ciste Eorpach le caitheamh idir Clochar Éamoinn Mhóir (an Caiseal) agus crosbhóthar Shraith Salach. Tá mé ag iarraidh go mbeadh pingin mhór airgid ann as cistí eile leis an obair idir an Aird Mhóir agus Carna a chríochnú agus caoi níos fearr a chur ar bhóthar an Chnoic Bhuí. Teastaíonn go leor airgid fós ar an mbóthar uilig as Scríb go Carna agus amach go crosbhóthar an "Mhail" ar an Sraith Salach.
- Tá neart cainte scoilte agam i gcaitheamh na bliana faoi Ard Johnny Beag. Tá an t-airgead curtha ar fáil sa deireadh. Caithfear é a chur ag obair chomh luath agus is féidir san athbhliain.

### An Bóthar mór agus an solas

Ar ndóigh, tá iarrachtaí ar bun le seirbhísí a thabhairt go hiarthar Chonamara - agus go Conamara uilig - atá ag teastáil go géar. Mar shampla, bóthar mór nua as Scríb isteach go Gaillimh.

Tá a fhios agam nach raibh mórán dóchais ag roinnt daoine as an iarracht seo i dtús aimsire. Bhuel, beidh píosa orainn fós - sin siúráilte. Ach tharla sé i mbliana gur shocraigh Comhairle Chontae na Gaillimhe gur cheart an bóthar a chur i gcaitheamh an bhealaigh as Gaillimh go Scríb. Tá staidéar á dhéanamh ar an gcúrsa anois. Ba mhaith liom an deis seo a thapú le aitheantas a thabhairt do mo chomhleacaithe as Conamara ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe as a gcuid tacaíochta don bhóthar nua - Seán Ó Tuairisg, Josie Conneely, Thomas Welby, Séamus Breathnach, Connie Ní Fhátharta agus Seán Kyne. Tá mílte fada le dhul againn fós ach tá tús maith curtha leis an aistir.

Ar ndóigh, tá fíor-phráinn le córas ceart leictreachais agus tá súil againn uilig ar Údarás na Gaeltachta agus sa gComhairle Contae gur féidir réiteach a fháil ar cheist an chúrsa amach as Gaillimh. Caithfidh muid díriú go láidir air seo agus a chinntiú go mbeidh muid i bhfad níos gaire do chóras láidir leictreachais i gConamara faoin am seo aríst.

### Plean an Chontae agus Plean na Gaeltachta

Tá mé ag iarraidh go mbeadh polasaí ag Comhairle Chontae na Gaillimhe go mbeadh Oifig acu anseo mar atá ar an gCeathrú Rua – oifig agus Leabharlann. Tá plé ar bun agus mé ag scríobh faoi gceist seo; tá na Comhairleoirí Contae ag obair ar Phlean na Gaeltachta agus ar leasú Phlean na Contae. Rinne coistí anseo - Fóram Iorras Aithneach go háirithe - cás láidir go gcuirfí an Oifig agus an Leabharlann anseo. Tá roinnt moltaí eile ann freisin a chuideodh leis an taobh seo tíre.


Maith go leor, a deir tú ….Ach an cheist a chur Coiste an Irisleabhair "Iorras Aithneach 2007"…*Cá bhfuil muid anois?*

Bhuel, tá an méid sin thuas ar bun agus tuilleadh. San am céanna, tá rothaí na polaitíochta agus róthaí an chórais Stáit mall. Agus mar atá feicithe againn sna figiúirí Daonáirimh i mbliana … agus san figiúirí atá tugtha bliain i ndiaidh bliana in Irisleabhar "Iorras Aithneach" ... tá an saol ag dul in aghaidh pobail ar nós Iorras Aithneach ar bhealaí go leor. D'fhéadfadh sé nach bhfuil mórán triáil againn i bpobail bheaga mar seo murar féidir na deacrachtaí móra a leigheas. Is minic lucht ceannas ag rá linn gur scannall náisiúnta a bheadh ann dá n-imeodh Iorras Aithneach i léig ó thaobh na Gaeilge de mura mbeadh ann ach é. Tá súil agam go dtabharfaidh siad faoi deara sa tuarascáil mhór faoin nGaeltacht a foilsíodh le gairid gur i dtoghroinn Scainimh anseo agus ar an taobh eile den chuan i gceantar Thír an Fhia agus Leitir Mealláin is láidre atá an Ghaeilge – sa nGaeltacht ar fad. Tá práinn leis an obair atá ar bun. Tugadh muid uilig iarraidh mhór eile faoin obair sin i 2008.

Mo chuid den Nollaig oraibh uilig.

# Tragóid an Phúcáin i Muigh Inis - 1907


Sheol sí ó Chéibh Bhun an tSrutháin i Ruisín na Mainíoch. Lá bhreá a bhí ann – Lá Fhéil' Mhic Dara 1907. Ba le Séamus Mac an Iomaire – Séamus Mór Shéamuis Choilm - an púcán. Bhí cónaí ar Shéamus i Ruisín na Mainíoch ach ba as Fínís ó dhúchas dó. Ar Mhuigh Inis in aice láthair a bhí trial an chomhluadar a bhí ar bord an mhaidin sin. Ansin a bhí pátrún agus geallta bád Fhéile Mhic Dara. Bhí lá maith i Muigh Inis. Leis an tráthnóna sheol púcán Shéamuis Mhic an Iomaire amach as Céibh an Bhéartha – gar do thrá an Mheall Rua – i Muigh Inis. Ba é Sonny Chiaráin as Fínis bhí ag gabháil an bháid. Is cosúil gur caitheadh amach balasta agus go raibh an bád todhal-éadrom. Sin é ba chúis leis a tubaiste. Chuaigh an bád go leathtaobh agus caitheadh na daoine i bhfarraige. Báitheadh ochtar. Ní raibh móran doimhin ann. Go deimhin, fuarthas coirp na ndaoine a bhásaigh ar an trá nuair a chuaigh an taoille amach. Céad bliain ó shin a tharla an tubaiste sin. Tá caint agus trácht ar sa bpobal seo i gcónaí. Suaimhneas síoraí do na daoine a bhásaigh Lá'l Mhic Dara – an 16ú Iúil, 1907.



THE GALWAY BOATING DISASTER.

TO THE EDITOR OF THE FREEMAN'S JOURNAL.

Dear Sir—The recent boating accident in Mynish Bay was in many ways singularly sad and pathetic. Five of the victims were young girls, just in the first bloom of womanhood. Two were sisters, and in the case of two others they were the only girls left in their respective families to solace and to comfort, as only a daughter can, their aged parents in their declining years. The only son of another man, Martin Folan, has been carried away, and the poor old father is so stricken down with grief that he has since been confined to bed; and no wonder. He has lost a fine young man, 24 years of age, the only stay and support of the family. Martin M'Donagh, another of the victims, has left a widow with two babies, and another is shortly expected. Her condition is most helpless and pitiable. She has neither means nor credit, and how, under Heaven, she will be able to support herself and her babies no one knows. But the case of Mrs. Pat Burke is the saddest of all. She has lost her husband and two daughters, and is now left penniless with six children—all of tender years. She is absolutely destitute. Even the few shillings re-



quired to purchase the bare essentials for a Christian burial for her husband and daughters had to be provided by a kind neighbour. The life of this family was one long struggle against poverty and want, but yet in all their misery they felt comparatively happy as long as the strong, willing arm of the father was there to battle for them. Poor man! he never spared himself day or night. He braved every danger by land and sea to keep the roof-tree over his little cabin and to keep the wolf from its door. But all that is now changed, and black despair alone is the portion of Mrs Burke and her little ones. But I cannot believe that these six families, at whose doors the Angel of Death has knocked in such a sudden, tragic manner, will be allowed to suffer, once their condition becomes known. It is, of course, beyond all human aid to restore them, the dear ones that are gone, but yet something may be done to ward off the black spectre of hunger and want which now threatens their homes. I, then, confidently appeal to all lovers of humanity, to all whom God has blessed with means, and who have hearts to feel for the afflicted, to send some help for these poor people. A local committee has been formed to look after their immediate wants, and this committee will be pleased to take charge of any money sent to them, and have it applied to the best advantage of the sufferers.—Yours faithfully,

M. M'HUGH, P.P.

Carna, Co. Galway,
July 22nd, 1907.

# An t-ádh agus an chinniúint Tragóid 1907

*Máirtín Ó Catháin*

**Fear óg a bhí ann san am. Tuairim's seacht agus fichead a bheadh sé. Sonny Josie…nó Sonny Josie Phádraig dá n-gabhfá glúin eile siar. Chuile sheans go mbíodh sé ag dul chuig ócáid Fhéile Mhic Dara ó bhí sé ina shean ghasúr. Bhí gach ar bhain leis ar thaobh a mháthair agus a athar fréamhaithe agus fite fuaite sa taobh seo tíre. Aníos as Leitir Padhbream a tháinig a athair, Josie agus ba as an oileán Máisean a mháthair, Máire Chormaic (Ní Chuirrín). Ba é mo sheanathair é - Sonny Josie as Gabhla.**

Bhí sé ag ócáid Fhéile Mhic Dara i Muigh Inis i 1907. Bhí sé sa mbád a báitheadh …ach tháinig sé amach aistí aríst sul ar fhága sí Céibh an Bhéartha i Muigh Inis. Scaití tarraingítear anuas an scéala seo i measc a shliocht i bhfad agus i ngearr. Marach gur tháinig Sonny amach as bád na tragóide sul ar fhága sí Muigh Inis ar an 16ú Iúil 1907 cén chaoi a mbeadh an saol anois? An mbeadh muid anseo ar chor ar bith? Cé bhfios beo. Ach cén fáth ar fhága sé an bád agus í réidh le seoladh?

Bean óg a tháinig ar an gCéibh. Nuair a tháinig an bhean d'imigh Sonny Josie as an mbád agus chuaigh i gcomhluadar na mná óige. Pé ar bith aicearra a bhí ar intinn aige agus é ag dul sa mbád, chaith sé as a chloigeann é. Scaithín ina dhiaidh sin a chuaigh an bád béal fuithi amach ó Chrompán Charna. Báitheadh ochtar - go dtabharfaí Dia suaimhneas síoraí dóibh uilig anois. Tá Sonny Josie agus an bhean óg a ndeachaigh sé ina chomhluadar i Muigh Inis an lá sin imithe ar shlí na fírinne le fada an lá freisin. Tá áit shuaimhneach acu i reilig Mhuigh Inse gar go maith don Chéibh as ar sheol bád an mhí-ádh 100 bliain ó shin.



*Sonny Josie as Gabhla agus é gaibhte amach sna blianta...agus a bhean Kate Phádraig Mháirtín as Fínis.*

# An páiste a tháinig ar ais
## – 1907 a rugadh í

*Seosamh Ó Cuaig*

**Thart ar scór bliain ó shin tháinig carr aníos an geata chugainn agus tháinig bean amach aisti. Níor aithnigh muid í agus nuair a thug sí a hainm, Vera McDermott, níor chiallaigh sé tada dhúinn ach oiread. Ach nuair a thosaigh sí ag caint ar an scioból beithíoch atá againn agus ar an dream a bhí ina gcónaí ann fadó d'éirigh an scéal níba shoiléire.**

Scioból Mheáig a thug muid air sin ariamh. Col ceathrar do mo sheanathair, Mick Cooke, a bhí in Meáig agus bhí sí pósta le fear de chlann Mhic Dhonncha as Roisín na Maithníoch. Ba í seanmháthair na mná seo Vera McDermott í.

Lá Fhéil Mhic Dara céad bliain ó shin d'fhág Martin McDonagh agus col ceathrar Mheáig, Joseen Phat Watt - uncail m'athar - d'fhág siad Aill na Brún agus chuaigh siad go Muigh Inis ag na geallta bád ansin in ómós don Naomh. Tháinig Joseen Phat Watt abhaile tráthnóna ach sé an scéal truaimhéileach a bhí ag teacht aige gur báitheadh fear Mheáig agus seachtar eile.

Ba mhór an díol trua í Meáig ach an oiread leis na daoine eile a bhí fágtha croí-bhriste. Bhí beirt ghasúr laga aici agus an saol go dona. Ní raibh aon chaint an uair sin ar phinsean baintreach ná ar "childrens' allowance" ná ar rud ar bith eile dá shórt. Agus bhí páiste eile ar an mbealach.

### An páiste a rugadh thréis an bháitheadh

***"Tá an páiste sin - mo mháthair - sa gcarr in éineacht liom"***, a dúirt Vera McDermott. *"Tá sí ós cíonn cheithre scóir bliain d'aois agus b'fhearr liom gan í a thabhairt suas chuig an scioból. Ach gabhfaidh mé féin suas."*

Nuair a bhí na geallta thart an lá sin céad bliain ó shin i Muigh Inis bhí deifir abhaile ar dhaoine. An bád seo a bhuaigh an geall ina "class" féin bhí sí ag gabhail go Roisín na Maithníoch. Bhailigh slua isteach inti idir fhir agus mhná. Ach ní raibh an bád i bhfad amach nuair a báitheadh í. Rinneadh roinnt mhaith sárú ó shin faoin gcaoi ar tharla sé, mar a dhéantar i gcónaí i gcásanna den tsórt seo. Ach ní fiú a bheith ag caint air sin anois. Sé an scéal léanmhar a tháinig as gur báitheadh ochtar.



***Seo í Vera McDermott in éineacht le Seosamh Ó Cuaig ar Oileán Mhic Dara ar an 16ú Iúil i mbliana. Cuireadh an tAifreann ar an Oileán le anamacha na ndaoine a báitheadh 100 bliain roimhe sin.***

Chuaigh mé ag cuartú i nGaillimh le gairid san oifig a choinníonn cuntas ar an mbreith, ar an bpósadh agus ar an mbás go bhfeicfinn cé mar a tuairiscíodh iad. Seo mar a bhí sé:

**Martin McDonagh -37;**
**Delia Mulkerrin (Mark) - 15…**Mark Mulkerrin, father, found body;
**Patrick Folan -24…**Mark Mulkerrin, cousin, found body;
**Margaret Gorham - 17…**Mark Mulkerrin found body;
**Kate Walsh - 16…**Mark Mulkerrin found body;
**Patrick Burke - 49…**Sarah, daughter, found body;
**Mary Burke -17…**Sarah, sister, found body;
**Nora Burke -14…**Sarah, sister, found body.

### Cuimhní cinn agus paidreacha

D'fhiafraínn de m'athair go minic meastú cén chaoi ar tháinig Joseen Phat Watt slán agus gur báitheadh Martin McDonagh. Níl a fhios agam, a deireadh sé, ach silim gur os cionn an tseoil a bhí seisean agus gur faoi a bhí an fear eile.

Bhí scéal imeasc an phobail anseo ariamh ó shin gur comhartha a thug Naomh Mac Dara - gur olc a bhí air gur athraíodh an pátrún as Oileán Mhic Dara "an bhliain sin". Ní dhéarfaidh mé tada faoi olc a theacht ar naomh agus daoine a bháitheadh ach tá a fhios agam aon rud amháin - ní shin í an chéad bhliain a raibh pátrún i Muigh Inis Lá Fhéil Mhic Dara. An bhliain roimhe sin - sin 1906 - tháinig an fear ba chumhachtai in Éirinn san am sin, an Lord Lieutenant, go Conamara. Bhí sé i gCarna agus thug an Sagart Paróiste isteach go Muigh Inis é go bhfeicfeadh sé na cleasa lúth. De réir na dtuairiscí a foilsíodh ar na nuachtáin ag an am bhain sé an-sásamh as an lá.

I mbliana, léadh an tAifreann go speisialta ar Oileán Mhic Dara ar son an dream a báitheadh. Bhí Vera McDermott ansin, páidrín aici, agus í ag guidhe go dúthrachtach dá seanathair a báitheadh 100 bliain go díreach roimhe sin.

# RAS Transport

## Cill Chiaráin

## *Seirbhís Iompar Cuisneoir*



**Éire, An Bhreatain & An Mór Roinn**

Fón: 095-33406 Fón soghluaiste: 087-9471576
Ríomh Phoist: rastransport@eircom.net

# Tigh Mhic Dhonnchadha

## Cill Chiaráin

# Ollmhargadh

**Siopa Búistéara Nuachtáin**



**Siopa Grósaera Gas agus Gual**

# Oifig an Phoist

**Fón: 095 – 33406**
**Fax: 095 – 33609**

*Beannachtaí na Nollag ar ár gcuid custaiméaraí ar fad.*

C.L.G GHRÁINNE MHAOIL

Mná an Iarthair
Ní Neart go Cur le Chéile

*Gearóidin Ní Thaibhís agus Máire Ní Chlochartaigh*

## Bliain stairiúil a bhí inti do foireann Mhná an Iarthair

**Bhí an chéad cluiche sinsir in aghaidh Naomh Breandáin sa mbaile i gCarna againn. D'imir mná an iarthair go maith agus d'fhéadfadh an bua a bheith againn ach críochnaigh sé ar chomhscór.**

Bhí cúpla cluiche deacair againn sa ngrád sinsir in aghaidh Chorafine agus Naomh Breandáin ach bhí an bua is fearr againn in aghaidh Chill Ainnín i gCrosaire na Tullaigh.

Cé go raibh muid ag imirt sna sinsir sa Sraith Chomórtas bhí muid idirmheánach i gCraobh an Chontae.

Bhí bua easca againn in aghaidh Leitir Móir arís sa mbaile i gCarna.

Ansin casadh Tuaim agus Cartún orainn sa gcluiche leath cheannais.

Cé go raibh siad ag súil go mbeadh an bua acu, d'éirigh linn ar an lá agus bhí muid ar ais sa gcluiche ceannais arís.

Níor éirigh linn sa gcluiche ceannais.

Thóg an Cumman páirt sa seachtar-an-taobh i mBaile Átha Cliath. D'éirigh linn an Sciath a bhuachtáil. Naomh Fortcherns as Contae Cheatharlach a bhí sa gcluiche ceannais linn. Bhí cúpla cluiche crua againn in aghaidh foireann as Doire agus Ard Mhacha.

Tá cúpla cluiche eile le n-imirt ag an bhfoireann sóisir. Chaill siad an cluiche cheannais in aghaidh Mhaigh Cuillin. Tá sraith Ghaillimh Thiar sna sinsir le n-imirt fós.

Tá muid dóchasach go mbeidh an bua ag an fhoireann faoi- 17 ar an 13ú Deireadh Fómhair in aghaidh Bhóthar na Trá.

### Cailíní atá ag imirt don Chontae

Bhua Chloe Ní Mháille bonn Chúige Chonnacht le foireann na Gaillimhe faoi-14. Bhua Kim Young bonn Chúige Chonnacht le foireann na Gaillimhe faoi-16 agus fuair Lisa Cohill an gradam "Imireoir an Cluiche" i gCraobh Chúige Chonnacht in aghaidh Mhaigh Eo.

Beidh muid ag cuir deireadh leis an mbliain ag imirt sinsear agus sóisear sna cómortais seachtar-an-taobh i gCathair Liostráin.

Chaith muid go leor den bliain



**Gráinne Mhaoil 2007 – Seaimpíní 7-a-taobh, Sciath Uile Éireann**

*Ar cúl, ó chlé:* John Francis Flaherty (Bainisteoir), Maryanna McDonagh, Siobhan Conneely, Katie Coohill, Mairéad Coyne, Tara Staunton, Lisa Coohill, Mary Young (Bainisteoir)

*Chun tosaigh, ó chlé*: Paul Gannon (Bainisteoir), Veronica Lydon (Physio), Máire Coyne, Bríd McDonagh (Captaen), Lorraine Heffernan, Fionnuala Hannigan-Dunkley, Kim Young.



*Ar chúl, ó chlé:* Lisa Mc Donagh, Katie Cohill, MaryAnn Mc Donagh, Fiona Folan, Sorcha O'Connor, Siobhán Connelly, Geraldine McTavish, Becky Heanne, Helena Lydon, Paula Cohill, Loraine Heffernan, Clare Keane, Máire Cloherty agus Lisa Cohill
*Tosach, ó chlé:* Tara Staunton, Fionnula Hannighan, Máire Coyne, Noreen Coyne, Tríona Folan, Tara Flaherty, Bríd Mc Donagh, Brenda Mulkerrins, Kim Young, agus Muiréad Coyne.

ag bailiú airgid. Bhí comórtas "Who wants to be a Thousandaire" againn sa gClochán leis na Fianna Rua. Tá muid ag bailiú ainmneacha le h-aghaidh Gaelic Telecom faoi láthair. Tá crannchur againn ar Raidió Chonamara gach mí agus anois tá comórtas saighead ar siúl ag an gcumann.

Tá 8 bhfoireann cailíní againn faoi láthair agus tá an dorais i gcónaí oscailte do chailín ar bith atá ag iarraidh páirt a glacadh sa bpeil.

Cé go bhfuil an bhlian beagnach thart níl mórán cupáin againn. Ach tá cairde iontacha againn, tá spiorad láidir inár measc, coiste láidir again agus tá eachtraí speisiúla na bhliana fós in ár n-intinn. Tá muid ag súil go mbeidh bliain níos fearr againn i 2008.

**Sraith Shóisear 'B' an Iarthair**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Babhta** | **1** | v | Orán Mór Mearaí | as baile | Bua |
| | **2** | v | Uachtar Ard | as baile | Cailliúint |
| | **3** | v | Maigh Chuilinn | as baile | Cailliúint |
| | **4** | v | An Fhairche | sa bhaile | Bua |
| | **5** | v | Cill Ainnín | sa bhaile | Bua |
| | **6** | Ní raibh aon chluiche ag Carna Caiseal | | | |
| | **7** | v | Baile an Doirín | sa bhaile | Bua |
| | **8** | v | Éire Óg/ Athair Ó Gríofa | as baile | Bua w/o |
| | **9** | v | Cinn Mhara | sa bhaile | Bua w/o |
| | **10** | v | Naomh Séamus | sa bhaile | Bua w/o |
| | **11** | v | Bearna | as baile | Bua w/o |

**Imrithe 10 Buaite 8 Caillte 2**

**Cluiche leath ceannais na sraithe** v Maigh Chuilinn; Cailliúnt

*Bhuaigh Maigh Chuilinn an tsraith.*

**Craobh: réamhbhabhta** v Cill Ainnín. Bua tar éis athimirt.

**Ceathrú ceannais** v Uachtar Ard. Cailliúint tar éis athimirt.

*Bhuaigh Uachtar Ard an Chraobh agus tá siad cáilithe do Shóisear A i 2008.*

## Sóisear C

**Bainisteoir:** Noel Ó Guairim

**An tSraith grúpa 2**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Babhta** | **1** | v | Rinn Mhaoile | as baile | Cailliúint |
| | **2** | v | Oileáin Árainn | sa bhaile | Cailliúint |
| | **3** | Bye | | | |
| | **4** | v | Na Piarsaigh | sa bhaile | Cailliúint |

**An Chraobh**

**Réamh bhabhta** v Éire Óg/Athair Ó Gríofa Bua gan coimhlint

**Ceathrú cheannais** v An Spidéal Cailliúint



**Marcus Mac Fhlannchadha – tá súil againn go mbeidh fuadar faoi arís i 2008.**

# Cóilín Bairéad

## – ar shlí na fírinne



***Bhásaigh Cóilín Bairéad as Dubhithir i rith na bliana seo. Aisteoir agus Scríbhneoir a bhí ann. Déanann Máirtín Bairéad cur síos anseo faoina dheartháir.***

Rugadh é ar an gcéad lá d'Aibreán, fuair sé bás ar an Aoine an tríú lá déag – dhéanfadh sé gáire faoi sin.

I dtús na ndaichidí d'fhág Cóilín Dubh Ithir agus chuaigh sé go Coláiste Éinde tar éis scoláireacht na gColáistí ullmhúcháin a fháil. San am sin bhí dian-smacht i réim i gColáistí Cónaithe. Níor fheil sé seo Cóilín. Bhí neamspleáchas ag baint leis nach ndeachaidh síos go maith le cuid do na múinteoirí, go mór mhór an t-uachtarán. Peileadóir agus lúth chleasaí den scoth a bhí ann – b'shin an t-aon ghné den choláiste a raibh aon suim aige ann. Rinne sé a théarma cheithre bliana ach go mí-ásach bhuail fiabhras dathacha é roimh an Ard Teist agus san ospidéal a bhí sé nuair ba cheart dó bheith ag déanamh an scrúdú. Ní thabharfadh na h-údaráis, an dara seans i ngeall ar chomh trioblóideach is a bhí sé mar mhac léinn.

Rinne sé ansin an rud a rinne a chomh–aois uilig mórán…thug sé aghaidh ar Shasana. Ansin Meiriceá – Boston, Chicago agus Nua Eabhrach. Is i Nua Eabhrach a thosaigh sé ag glacadh spéis i scríbhneoireacht agus in aisteoireacht leis an 'Gaelic Society'. Go luath sna seascadaí d'fhill sé abhaile. Ar bhád a tháinig sé ar ais – an *Mauratania* a sheol isteach go Gaillimh.

Shocraigh sé síos i nDubh Ithir ag feiliméireacht agus ag iascach. Ní raibh mise thart ag an am ach creidim go raibh baint aige leis an gCoiste Pobail, bunú an Chomhar Chumainn agus drámaíocht.

Rinne sé roinnt scríobh. Chuir sé dráma trí-ghníomh chuig Amharclann na Mainistreach agus An Taibhdhearc. Bhí suim acu ann ach theastaigh athraithe uathu nach raibh seisean sásta a dhéanamh.

Beidh cuimhne air i ngeall ar an scannán "Poitín" i gcomórtas do láimhscríbhínní a bhí ag an Arts Council bhuaigh láimhscríbhínn Chóilín an chéad áit. Rinne Bob Quinn an scannán.

Ní raibh Cóilín an-sásta le cúpla athrú a rinneadh ar an scéal a scríobh sé. Déarfainn mar sin go mb'fhearr leis go gcuimhneofaí air mar gheall ar rudaí eile seachas "Poitín"

Chaith Cóilín a shaol ag obair, suas go dtí an lá a bhfuair sé bás. Ní fhaca mé riamh díomhaoin é. Tá an bád, ar ar chaith sé a chuid blianta deireannacha ag obair, gan críochnú. Is minic a dúirt sé gur ar éigin a sheolfadh sé féin í. Is iomaí rud a dúirt sé nár aontaigh mé leis, ach bhí sé ceart sa méid sin. Nuair a bhreathnaím ar an mbád anois cuimhním ar rud a deireadh a mháthair go minic – "Nach iomaí rud is buaine ná an duine".



Taighde agus Forbairt Saothrú Mara

*Maricultural Research and Development*

Taighde Mara Teo

Carna,

Co. na Gaillimhe, Éire

Fón: 353-(0)95 32225

Facs: 353-(0)95 32300

Suíomh Idirlíon: www.taighde.ie

An bhfuil tú ag iarradh saothrú a bhaint as an fharraige ?

An bhfuil smaoineamh agat ?

Tá muide breá sásta cúnamh agus tacaíocht
a thabhairt duit.

# Séamus Ennis in Iorras Aithneach

**Dúirt an bailitheoir béalóideasa Alan Lomax as Meiriceá go raibh an saibhreas béaloidis a b'fhearr a chonaic sé ariamh in Iorras Aithneach. Sé an saibhreas sin a thug an ceoltóir agus an bailitheoir béaloidis, Séamus Ennis go Carna agus go Cill Chiaráin ionann agus 70 bliain ó shin. Choinnigh Séamus Ennis cuntas laethúil ar an saol a bhí aige thart anseo ag bailiú béalóidis agus amhráin.**

**Chuir an tOllamh Ríonach uí Ógáin as Coláiste na hOllscoile i mBaile Átha Cliath eagar ar dhialann Shéamus Ennis agus seoladh an leabhar in Áras Shorcha Ní Ghuairim i gCarna i mbliana. *Mise an Fear Ceoil* ainm an leabhair agus sé Cló Iar-Chonnnachta a d'fhoilsigh. Seo cuid bheag de chuntas Shéamus Ennis ar an saol a bhí aige in Iorras Aithneach.**


Ríonach uí Ógáin a chur eagar ar Dhialann Shámus Ennis

## Samhraidh 1944

**Satharn 27 Bealtaine**
An mhaidin agus cuid den tráthnóna istigh ag scríobh. (Dochtúir agus Maínis.)[5]

**Domhnach 28 Bealtaine**
An chéad aifreann agus an mhaidin le Maidhcil [Mac Fhualáin]. Isteach go Maínis tar éis dinnéir ag spaisteoireacht le Maidhcil [Pheadairín Ó hUaithnín] agus Peaitín [William Ó hUaithnín]. Iad ag dul chuig *time*[6] anocht, tigh Chauly i nGabhla, agus chuas leo. Abhaile 5 a.m.

**Luan 29 Bealtaine**
Lá saoire – Luan Cincíse.[7] Ag éirí 12. An tráthnóna ag snámh le dochtúir agus Tom Lynch – Garda. An oíche i Ros Muc leis an dochtúir ag feiceáil cairde. Litir inniu ó Shéamus Ó Duilearga, é ar an Mám[8] agus ag teacht i gcaitheamh na seachtaine. (Litir agam ó S. Ó S. [Sheán Ó Súilleabháin] á rá seo liom.)

**Máirt 30 Bealtaine**
An mhaidin le litreacha agus dialann. Mé ag cur litreach go dtí S. Ó D. [Séamus Ó Duilearga], ach fuair mé amach ag an bposta nach sroichfeadh sí é go dtí arú amárach. Dheineas iarracht é a fháil sa Mhám ar an bhfón agus fuair. Dúirt sé liom go dtiocfadh sé chun an Chaisil amárach. Chaitheas an oíche le Colm Ó Caodháin.

**Céadaoin 31 Bealtaine**
Bhuaileas le S. Ó D. [Séamus Ó Duilearga] ar an gCaiseal ar a haon (tar éis bearradh gruaige a fháil sa mbeairic). Chaitheamar tae ag crosbhóthar an Chaisil ag Meaig Joyce agus tháinig muid go Glinsce. Chaith muid an tráthnóna le Colm [Ó Caodháin] agus thóg S. Ó D. pictiúirí ann.[9]

Tae sa teach ósta i gCarna[10] agus cuairt ar an gCoillín – Pádraig Mac Con Iomaire.

Chaitheas féin tamaillín le titim oíche ag tóraíocht churaí le haghaidh dul go Fínis amárach le S. Ó D.



Muintir Mhic Con Iomaire, Pádraig ar dheis.
(Le caoinchead Sheáin McKiernan.)

# Samhraidh 1944

**Déardaoin 1 Meitheamh**
Chuaigh muid go Fínis ar a 11 a.m. i gcurach Pheait Cheoinín. Thóg muid pictiúirí agus dúirt Seáinín Choilmín (McDonagh) trí amhrán dhúinn. An-obair againn ag iomramh na curaí anoir amach abhaile in éadan gaoth aniar aduaidh – tuairim is uair a thóg sé dhínn.[11]

Lón sa teach lóistín s'agamsa[12] agus cuairt soir ar Sheán Geary. Tigh Éamoin Liam de Búrca (R.I.P.), agus tigh Chanavan, Bánrach Ard, agus tigh Chlancy, Cill Chiaráin. D'fhág mé S. Ó D. [Séamus Ó Duilearga] ag Ros Dúgáin[13] agus mé uaigneach go leor é a fheiceáil ag imeacht (7.30–8.00).

Chaitheas an chuid eile den oíche sa veain uaithne ar thaobh an bhóthair ag seanchas le Maidhcilín Choilmín Mac Fhualáin – é ag obair ar ghléas briste cloch – ag seanchas agus ag caitheamh tobac.



Séamus Ó Duilearga. (Le caoinchead CBÉ.)

**Aoine 2 Meitheamh**
An mhaidin ag athscríobh focla amhráin Choilm Uí Chaodháin agus litreacha agus dialann. An oíche le Colm. An-mholadh aige ar Shéamus Ó Duilearga, 'fear fiúntach' a thug sé air agus dúirt sé gur 'furasta an fear maith a aithneachtáil'. É an-bhuíoch dhínn. Bhí sé ag cur *mangels*[14] agus chaitheas tamall fada ag cúnamh dhó. Scríobh muid cúpla amhrán ansin agus d'fhan ag seanchas go raibh meán oíche ann.

**Satharn 3 Meitheamh**
Chaitheas an lá uilig istigh ag scríobh agus an oíche le mo chara Maidhcil Mac Fhualáin i gCarna ag múineadh portanna dhó. Níor stop an bháisteach ó bhí mé ag Colm Ó Caodháin aréir.

**Domhnach 4 Meitheamh**
An chéad aifreann. An tráthnóna ag múineadh portanna do Mhaidhcilín Choilmín [Mac Fhualáin] agus an oíche ag *farewell party* don mbanaltra a fhágfas Carna maidin amárach (as Gort an Choirce, Tír Chonaill, í, nó in aice leis – Curran).

**Luan 5 Meitheamh**
An mhaidin istigh ag scríobh. Chuas soir go dtí Seán Ó Gaora, Aill na Brón, sa tráthnóna agus chaitheas tamall aige ag scríobh cúpla ceathrú agus araile

An oíche le Colm Ó Caodháin i nGlinsce. Bhí sé amuigh i gcaitheamh an lae i ndrochaimsir ag cur cíle nua i mbád le comharsain eicínt. É tuirseach, ach scríobh muid roinnt amhrán. Bhí foirm aige le líonadh, *application* do *unemployment assistance*, agus thóg sé píosa mór den oíche dhom é a líonadh dhó – agus foirm eile a bhí ag dul leis. Thugas síos liom é go dtí máistreas scoile Ghlinsce[15] lena fháil sínithe ach ní raibh sí ar fáil.

mban agus níor thráth dhá fhaillí agam é. D'fhág mé ag a haon é nuair a d'ordaigh sé dhom imeacht (rud nach drogall leis liomsa) agus is beag nár thit mo lámha dhíom le sioc ar dhul abhaile.

**Domhnach 29 Aibreán**
D'éalaigh an sioc roimh éirí gréine agus mar sin níor déanadh mísc ar bharranna fataí dhá bharr.

An chéad aifreann (9 a.m.) agus bricfeasta ina dhiaidh in éindí le Beairtle (Beag) Ó Conaola a tháinig aniar liom i ndiaidh aifrinn. Seanchas fada againn le chéile. Tháinig Micheál ('An Seaimpín') [Mac Donncha] isteach tar éis imeacht do Bheairtle agus bhreac mé cúpla blúire uaidh a tháinig amach sa gcomhrá. D'inis sé an scéal grinn dúinn faoin am a raibh sé in ospidéal i nGaillimh.

Nuair a fuair mé imithe é scríobh mé amach an scéal mar a d'inis sé é – ina fhocla féin – mar tá bua na cuimhne faighte mar sin agam le tamall.

Tháinig beirt leaids anoir ar a ceathair isteach chugainn agus bhí seanchas beag ar chúrsaí an tsaoil tamall cois tine gur hiarradh amhrán orm. Dúirt mé ceann agus le cúnamh mhuintir an tí (tá siad an-mhaith mar sin domsa) mealladh duine acu seo, Cóilín Sheáinín Bhig, Seoigheach (20) as Loch Conaortha, chun foinn. Ar deireadh an scéil scríobh mé uaidh 'Níl Mé Tinn agus Níl Mé Slán', amhrán a fuair sé ó chailín de chlainne Fitzhenry[10] as Corr na Móna.

Chaith mé an oíche le mo charaid Peaitín Greene i Maínis, mar a gheall mé dhó Dé Céadaoin seo caite. Nuair a tháinig mé abhaile bhí Peadar (Tommy) Lydon (24) romham. Tháinig seanchas ar phisreoga agus araile bádóireachta cois tine againn agus rinne mé nóta de na pointí suimiúla a bhí i gceist. Chuas a chodladh uathu ar a 1.45.

**Luan 30 Aibreán**
Sioc aréir agus barranna fataí dóite ar maidin. An mhaidin ag athscríobh seanchais a bhreacas le cúpla lá anuas agus ag athscríobh cuid den méid a bhreacas ó Cholm [Ó Caodháin] oíche Dé Sathairn, go dtína ceathair. Coinne agam ansin chun dinnéir tigh Sheáin Uí Chonchúir, O.S., An Aird, agus chuas chuige. D'fhágas ar a 7.30 é agus chuas ar mo chuairt tigh Phádraig Mhic Con Iomaire, An Coillín. Níl Pádraig ach 'á ghoid as'[11] mar a deir sé féin. Pian droma atá air le leathbhliain nó mar sin agus an aois ag teacht roinnt trom air. Iad uilig go maith. D'ólas tae ann agus rinne muid caint ar chogadh is ar Oireachtas – níor éirigh linn teacht timpeall go dtí an seanchas – agus chuas soir abhaile ar a deich. Chaitheas uair nó mar sin le dialann na dtrí lá seo caite.[12]

**Máirt 1 Bealtaine**
An mhaidin ag athscríobh píosa eile den mhéid a bhreacas ó Cholm Ó Caodháin oíche Dé Sathairn, ag scríobh litreach abhaile chuig mo mháthair; ceann eile i bhfreagra ar litir ó Thomás Ó Broin (Gaillimh) faoi Mhenlough[13] agus amhráin ann. Ar éigean is fiú dhom, a deir sé, dul isteach in aon turas lena aghaidh, agus mar sin dúirt mé leis nach ngabhfainn chuige nó go mbeinn ar mo bhealach abhaile.

# Samhraidh 1944

Scríobhas beagán eile seanchais agus amhrán a bhreacas ó Chóilín Seoighe tráthnóna Dé Domhnaigh. Chuaigh mé siar chuig an bposta agus bhí dinnéar agam ar a cúig. Chaith mé an oíche le Colm Ó Caodháin i nGlinsce. Bhí a dhearthair [Pádraig Ó Caodháin] ann in éindí leis agus de bharr é bheith ag sárú seasta ar Cholm agus ag caint is ag cur isteach orainn, ní mórán a fuaireas dhá bharr i gcaitheamh na hoíche. Chuir sé píosa beag deas i gcuimhne do Cholm mar sin féin – 'Caipín Thomáis Shiúnach' – agus scríobhas é. Chuamar chun seanchais ar fhilí na tíre seo agus bhreacas nótaí ar bith a d'fheil dom chomh maith le cúpla rud a bhí ar mo liosta agam a chur síos. D'fhágas ar a dó dhéag iad. Bhí go leor sáraithe agus argóna acu faoi rudaí atá scríofa cheana agam.

Cailleadh Hitler inniu, creidim.[14]

**Céadaoin 2 Bealtaine**

An mhaidin le hathscríobh an mhéid a fuaireas ó Cholm [Ó Caodháin] aréir, ag cur an liosta ó Cholm atá agam in eagar agus ag scríobh dhá litir, ceann go dtí Tomás Mac Mathúna (S.J.), Páirc Bhaile an Mhuilinn, Baile Átha Cliath, i bhfreagra ar litir uaidh i mbuíochas dom faoi léacht a thugas ann coicís ó inné;[15] ceann eile go dtí cara liom, an Dochtúir Caoimhín Mac Cana.

Chuas siar chuig an bposta – súil agam le páipéirí ón oifig inniu – ceistiúchán an Ghorta agus cóipleabhar agus dúch – níor tháinig, ná aon seic ach an oiread.

Chaitheas an oíche i nGlinsce ag scríobh nithe beaga agus ceoil ó Cholm.

(Scéal agam anocht ar ghéilleadh Bherlin agus *Italy*.)[16]

**Déardaoin 3 Bealtaine**

An mhaidin ag athscríobh an mhéid a bhreacas aréir ó Cholm [Ó Caodháin] agus ag cur eagair ar an gceol. Ag fanacht ar dhinnéar ansin gan tada agam le déanamh – dá mbeadh na páipéirí sin ón oifig agam le cúpla lá anuas, déarfainn go mbeadh leathchóipleabhar agam faoi seo ar an nGorta. Dinnéar ar a ceathair. Siar go Carna – faic sa bpost. Braon tae ar a 5.30 agus an oíche le Colm Ó Caodháin i nGlinsce ag scríobh focla agus ceoil. Scéal ar ghéilleadh Bherlin agus na hIodáile inniu ar an bpáipéar.

**Aoine 4 Bealtaine**

An mhaidin le hathscríobh an mhéid a bhreacas aréir ó Cholm [Ó Caodháin] agus ag taighde roinnt stuif a scríobhas cheana agus ag cur ceathrúna breise isteach leo nár thug sé dhom cheana, ar chuimhnigh sé orthu aréir. Braon tae agam ar a 12.30. Siar chuig an bposta, mo phá ann ach sin an méid. Chuas go Glinsce ansin agus chaitheas an tráthnóna go dtína seacht le Colm ag scríobh focla, ceoil, agus ag léamh 54 leathanach téacsa dhó, á cheartú is á chóiriú.

Thánag chuig dinnéar anseo agus chuas ar mo chuairt go Maínis go dtí Peait Greene, mo chara ann. Scéal ar ghéilleadh Hamburg agus tógáil Bhurma inniu.[17]

# Bealtaine 1945

**Céadaoin 16 Bealtaine**

An lá ina bháistí dhúnta ó mhaidin go hoíche. Chaitheas an lá uilig ag taighde agus ag athscríobh nótaí atá breactha agam ar an nGorta ó tháinig mé, agus tuairisc an cheistiúcháin ó Cholm Ó Caodháin mar a bhí breactha agam uaidh oíche Dé Sathairn. Chuas siar tigh na gClochartach i gCarna san oíche ag éisteacht le hóráid an Taoisigh [Éamon de Valera][21] – ní go róthirim a tháinig mé abhaile, ach ó ba achar gearr siar é níorbh fhiú liom an óráid a ligean tharam gan é a chloisteáil. Ní ina aiféala a bhí mé mar ba bhreá liom a óráid.




**Déardaoin 17 Bealtaine**

An mhaidin le litreacha agus an tráthnóna agus píosa den oíche ag Colm Ó Caodháin i nGlinsce. Bhreacas ceithre fhonn amhrán uaidh ar dtús agus chaitheas an chuid eile de mo chuairt ag seanchas is ag scríobh ar an nGorta – an 'Drochshaol' a thugann siad anseo air i gcónaí. Tá faisnéis mhaith ag Colm air. Thángas abhaile ar a deich agus bhí Maidhcil Choilm romham, an veidhleadóir óg (Folan) agus chas muid roinnt ceoil go dtína 12.30 a.m. nó mar sin. Tá an-dúil ag muintir an tí i gceol agus d'fhanfaidís uilig ina suí go maidin ag éisteacht le ceol ach é bheith ann.

**Aoine 18 Bealtaine**

Chuir Colm [Ó Caodháin] aistear orm inniu ar ghraithe nach luafad anseo. Bhí an mhaidin fliuch – ó bhíos ar faoistin inné chuas ar aifreann agus chun comaoineach ar maidin agus fliuchadh mé ag dul siar is aniar – agus bhraith mé gan an aistear a dhéanamh ach ghlan sé ar a haon déag agus bhí Pádraig [Ó hIarnáin] an tí seo ag tosaí ar aill a phléascadh le ding (*chisel* mór) agus le hord agus gan cúnamh ar bith aige. Thugas mo chúnamh dó go ceann uaire an chloig ag lascadh leis an ord, gur réab muid an aill ar an mbealach – an áit a bhfuil sé ag déanamh bóithrín aníos chun an tí.

Bhuaileas bóthar ar a 12.30 agus ghlaos tigh Chlancy i gCill Chiaráin ar chuairt bheag, ós ag dul soir a bhíos. Tá siad uilig go maith. Tá iníon óg eile ag bean an tí [Eibhlín]. Angela Gabriel a tugadh uirthi, ach ní ainm mar ainmneacha na háite í sin.

Nuair a tháinig mé anoir chaith mé dinnéar – 6 p.m., agus chuas go Glinsce. Fuair mé Colm ag éirí as a leaba aniar chugam agus é plúchta ag slaghdán, agus ní dochar a rá go raibh iarracht de orm féin le cúpla lá anuas. Rinne muid tamall comhrá agus dúirt Colm liom nach raibh sórt misnigh ar bith aige 'le haghaidh cainteanna' anocht agus ós duine é nár spáráil é féin riamh orm ní iarrfainn air bheith ag cur strus air féin. D'fhágas ar a deich é.

Dhearmad mé a rá nár éirigh liom i m'aistear inniu – ní raibh gnó Choilm le fáil agam agus tá seans go mbainfidh an gnó céanna aistear eile asam.

*Sleachta as an leabhar foilsithe le cead Chló Iar-Chonnachta.*

Funded by the Irish Government under
The National Development Plan

# REPS 4

## Teagasc REPS Planning Service

Avail of Increased Payments under REPS 4

**Free Consultation on the "pros and cons" of REPS 4**

**For further information contact:**

**Teagasc, Terryland Retail Park, Headford Road, Galway at (091) 562101**

**David Callinan – Connemara Area at (091) 562101**

# Ceisteanna sa Dáil - 1957

**Cuireadh ceisteanna faoi roinnt ábhair a bhain leis an gceantar seo sa Dáil sa mbliain 1957 - sin 50 bliain go ham seo. Is mór an díol suntais iad na ceisteanna sin anois sa mbliain seo 2007. Ba iad Fintan Coogan T.D. as cathair na Gaillimhe agus Johney Geoghegan T.D. as Carna a chur na ceisteanna seo i 1957.**

## Scoil Mhuighrois

Bhíothas ag iarraidh scoil nua i Muighros. D'éirigh leis an iarracht. Ach sa mbliain seo 2007 tá deireadh ag teacht le scoil Mhuighrois. Níl fanta sa scoil ach triúr - tá an líon daoine óga laghdaithe as cuimse. Beidh deireadh leis an scoil i mí Meitheamh seo chugainn.

**Mr. Coogan** asked the Minister for Education when he proposes to replace the school at Moyrus, **Carna**, County Galway.

**Mr. J. Lynch:** A grant has been sanctioned by my Department towards the [162] cost of the erection of a new school to replace the existing national school at Moyrus, County Galway, and it is a matter for the Commissioners of Public Works to make the necessary arrangements for the invitation of tenders.

Because of the very heavy programme of work in connection with the building, enlargement and improvement of national schools which the commissioners have on hands, it will inevitably be some time yet before the position is reached where tenders for the building of the new school can be invited. I regret that I am unable to say when work on the erection of the new school will be started, but I can assure the Deputy that the case will be dealt with as expeditiously as possible.

## Stáisiún nua do Ghardaí Charna

Cuireadh stáisiún nua ann le himeacht aimsire. Ach tá muid ag iarraidh stáisiún nua anois mar níl an ceann a cuireadh ann sách mór...ná cóiriúil...do Ghardaí ná don phobal sa lá atá inniu ann. Tá gealltanas ann sa mbliain seo 2007 go dtógfar stáisiún nua amach anseo.

**Mr. Geoghegan** asked the Minister for Justice if it is proposed to build a new Garda station at **Carna**, County Galway, and, if so, when it will be advertised for contract.

**Minister for Justice (Mr. Traynor):** I have been informed that the Commissioners of Public Works have placed a contract for the building of a new station, which is due to be completed not later than 10th January, 1958.



Scoil Mhuighrois tar éis an Aifrinn roinnt blianta ó shin.



Fínis – cuireadh ceisteanna faoin oileán sa Dáil i 1957.

# Fínis - an t-oileán

Bhíothas ag iarraidh deis a thabhairt do mhuintir an oileáin athrú amach ar an mórthír. Níl duine ar bith ina chónaí i bhFínis sa mbliain seo 2007. Ach tráthúil go leor, tá caoi curtha ar theach ann i mbliana - an chéad uair ar dearnadh a leithide sin d'obair ar an oileán le fada an lá.

**Mr. Coogan** asked the Minister for Lands why an exchange of holdings to the mainland has been refused to tenants of Finnish Island, **Carna**, County Galway.

**Mr. Childers:** Only one application for migration was received from the residents of Finnish Island. This application was fully considered but it was not possible to grant the exchange. One of the primary considerations in the selection of migrants by the Land Commission is the usefulness of their surrendered lands for land-settlement purposes. I understand that substantial improvements were effected on Finnish Island by the late Congested Districts Board. There is little the Land Commission could do now by way of further land-settlement [1261] short of the complete evacuation of the island, and I am not disposed to subscribe to that.

**Mr. Coogan:** Is the Minister aware that there is something more important than a regulation of his Department involved in this? Is he aware that children on the island have not attended school for over a year and that the people there can hardly attend church on a Sunday? Surely that is more important than regulations of the Minister's Department?

**Mr. Childers:** I understand that the Department of Education are trying to find ways and means of providing primary school education. There has been only one request for migration. The island is accessible at low tide. The Land Commission was not in a position to grant the exchange.

**Mr. Geoghegan:** Is the Minister aware that the manager has advertised for the transportation of children from this island to attend school on the mainland?

**Mr. Childers:** That is a matter for another Department.

# Cúrsaí talúna agus scéimeanna

Droch-thalamh atá againn anseo ach má sea féin bhí tábhacht leis i 1957 mar atá inniu i dtaobh cúrsaí deontais agus scéimeanna talúna.

**Mr. Geoghegan** asked the Minister for Agriculture when the land project scheme now operating in the **Carna** area will be extended to the parish of Rosmuck, County Galway.

**Minister for Agriculture (Mr. Moylan):** Arrangements are being made to extend the rock boring scheme to the Rosmuck area in the near future.



# Óstán Chuan Charna

**Carna Bay Hotel, Carna, Connemara,**
**Co. Galway, Ireland**



**Óstán 3* & restuarant Bar Food**

Proprietors: Mary & Páraic Cloherty

Imeachtaí ar fad ar fáil go háitiúil/all readily available locally

Fón 095 32255, Faics 095 32530
Riomhphost carnabay@iol.ie www.iol.ie/~carnabay

# Ollmhargadh Mhic Oireachtaigh

Carna
Conamara
Co. na Gaillimhe



Fón (095)32239




*Búistéara*
*Lotto*
*Fíon*
*Bácús*



# Pósadh



**Nóirín Ní Cheannabháin as an Aird Thoir agus Seán Ó Conghaile as Camus … i Séipéal Charna.**



**… Sibéal Ní Mháille as Gabhlán, Doire Iorrais agus Éamon Donnellan as Átha Eascrach in oirthear na Gaillimhe a phós i nDroichead Abhainn Uí Chearnaigh i gContae an Chláir ar an 5ú Iúil 2007. Tá cónaí orthu beirt i Sydney san Astráil.**



**Lorraine Ní Ghuairim as Leitir Ard agus Calvin Joehill as Londain a phós san Ard Eaglais i nGaillimh. Tá máthair na brídeoige, Máire Uí Ghuairim ar chlé agus athair na brídeoige, Seán Joe Bheartla Rua ar dheis.**



**Mairéad Ní Cheannabháin as Doire Iorras agus Peadar McSherry as an tSionainn i gContae an Chláir.**

DEBS...DEBS...DEBS

# Ócáid DEBS Charna - 12ú Iúil 2007

## *Ar shráid Charna*



**Laura Ní Iarnáin as Caladh bhFuínnse agus Eric Ó hIarnáin as Carna.**



**Edel Ní Dhubhda as Carna agus Máirtín Ó Máille**



**Máire Ní Éinniú as an Aird Thoir agus Morgan Ó Maoilchiaráin as Caladh bhFuínnse.**



**Síle Nic Dhonnchada as Leitir Ard agus Seosamh Mac an Iomaire as Coill Sáile.**

# Debs



Pearse Bolger as an Aird Mhóir agus Lorna Moylan as an Aird Mhóir.



Ó chlé: Áine Ní Chualáin as Ruisín na Mainíoch, Aisling Bhreathnach as Cill Chiaráin, agus Dearbhla Ní Fhearáin as Duibhithir.

Ó chlé: Máire Ní Chlochartaigh as Muigh Inis, Katie Bairéad as Muigh Inis, Nuala Ní Ghuairim as Leitir Ard, Aisling Seoige as an Más agus Bernie Ní Chonghaile.



# An Patrún ar Oileán Mhic Dara

## 16ú Iúil 2007



Teampall Mhic Dara – cuid don slua ar Oileán Mhic Dara i mbliana.




▲ Ag cuimhniú ar an saol – An Sagart Pobail, Peadar Ó Conghaile agus é ag ligean a scíth ag binn an teampaill ar Oileán Mhic Dara roimh an Aifrinn ar Lá Fhéil' Mhic Dara i mbliana.

Fir óga na gcurrach – buaiteoirí óga ag rásaí currach Fhéile Mhic Dara. Ó chlé: Micheál Ó hÉanaigh (Aird Thoir), Colm Ó Ceoinín (Leitir Ard) Gearóid Ó Cualáin (Duibhithir). ▼





▲ Buaiteoirí iomra ag Féile Mhic Dara – ó chlé: Pádraig Seoige (Bantrach Ard), Pádraig Breathnach (an Aird Mhóir) agus John Joe Óg Ó Donnchú (An Aird Mhóir).



Nóra Uí Shúilleabháin agus a hiníon, Katie ar Oileán Mhic Dara.



Pádraig Ó Domhnaill (ar chlé) agus Pádraig Ó Ceannabháin ar Oileán Mhic Dara i mbliana.

# An Chéad Chomaoineach 2007



### Scoil na hAirde Móire

Chun tosaigh ó chlé – Pól Mac Donnchadha, Caitlín Bhreathnach, Bríd Bhreathnach agus Niamh Ní Bhriain.
Ar gcúl ó chlé: Michael Coleman Ó Flatharta, Roibeárd Seoige agus Máirtín Ó Clochartaigh. Tá an múinteoir Johney Óg Ó Conghaile agus an tAthair Séamus Mac Dúill as Cill Chiaráin.



### Gasúir Chill Chiaráin

Liam Mac Donnchadha, ar chlé agus Martin Ó Conghaile ar dheis ... agus sa lár, an tAthair Séamus Mac Dúill, Séiplíneach Chill Chiaráin.



### Gasúir na hAirde Thiar

Ó chlé – Séamus Ó Flatharta, Riocárd Ó Guairim, Joanne de Brún, Brandon Ó Fallúin, Séamus Mac an Ríogh.



### Gasúir Mhuigh Inse

Ó chlé – Colm Ó Curraoin, Aoife Ní Ghaora, agus Alan Ó Gaora ... agus an Príomh Oide sa Scoil, Damhnait Bhreathnach ar gcúl.



### Gasúir Scoil Mhuire, Carna

Ó chlé – Dara Ó Flatharta, Declan Ó Ceannabháin, Ríona Ní Tháibhís, Síleagh Ní Ghríofa, Kevin Ó Súilleabháin ... agus an múinteoir, Treasa Uí Chuaig ina gcuideachta.

# Mé féin agus mo *Bhicycle*



▲ Dochtúr ar *bhicyle* – Rothaí don scoth é an Dr. Micheál Ó Cathasaigh, dochtúr Charna. Chaith sé 6 lá i ndiaidh a chéile sna cnoic san Iodáil i mí Lúnasa agus é ag déanamh 100 míle sa ló ar an rothar ch'aon lá acu.



▲ Pádraig Seoige as Gabhla – fear ábalta ar an rothar.



▲ Peileadfóir den scoth agus é sciobtha ar an m*bicycle* freisin – John Mhaggie Ó Flatharta as an mBantrach Ard.



▲ Ar bhóthar sléibhe – James Ridge as Bun na hAbhann.

Pádraig Phat Thomáis sa Triathlon i gCill Chiaráin ar an 7ú Iúil. ▶



# ...Mé féin agus mo *Bhicycle*



▲ Bhí fir *bicycles* ann i gcónaí – i Muigh Inis sna 1940aidí ... Cóilín Tom Mhóir (ar chlé) agus Pádraig Mhicil Ó Conghaile.



▲ Fear *bicycle* agus scéalta – Sé an rothar an deis taistil a bhí ag Séamus Ennis agus é ag cruinniú scéalta agus amhráin i gceantar Iorras Aithneach 60 bliain ó shin. Pictiúr dó ar na bóithre anseo sna 1940aidí.

Pictiúr a tógadh i sráidbhaile Charna 25 bliain ó shin ...agus tuilleadh b'fhéidir. Is iomaí sin úsáid a bhí sa m*bicyle* agus sa "gcarrier". ▶



"Team" Ghabhla ag Ceann an Bhóthair gar don "Statue" i nGabhla. Ó chlé – Seán Ó Caodhna, Pádraig Seoige, Máirtín Ó Catháin agus P.J. Ó Cadhain. Déanann siad uilig píosaí ar na *bicycles*. ▶




# Debs



Cailín beag agus cailíní móra – Ar chlé, Deirdre Ní Mhaoilchiaráin agus Maggie Ní Mhaoilchiaráin, col ceatharacha as Caladh bhFuínnse agus iad réitithe le haghaidh na DEBS. Catherine bheag Ní Mhaoilchiaráin ag caitheamh súil isteach sa Limo.

## *Súil amach as carr*



Pádraig Ó Dubháin as Caladh bhFuínnse agus Bernie Ní Chonghaile.



Patrick Ó Dubháin agus Aisling Seoige as an Mám.

DEBS...DEBS...DEBS

# Ócáid DEBS Charna - 12ú Iúil 2007

## *Ar shráid Charna*



William Burke as an mBantrach Ard, Máire Ní Ghaora as an gCrompán, Mairéad de Búrca as an mBantrach Ard agus Cillian de Búrca as an mBantrach Ard.



Máire Ní Ghuairim as Leitir Ard, Martha Ní Chualáin as Carna, Nuala Ní Ghuairim as Leitir Ard agus Colmán Ó Maoilchiaráin as an mBantrach Ard.



Elenor Ní Chuaig as Aill na Brún agus Tommy Breathnach as an Ard Mhóir.

# Debs



Risteárd Mac Donnchadha, Garraí an tSagairt, Carna, Nuala Ní Ghuairim as Leitir Ard, Martha Ní Chualáin as Carna agus Pádraig de Búrca as Ruisín na Mainíoch.



Micheál Ó Gaora as Muigh Inis, Tomás Ó Flatharta as Bantrach Ard agus Jennifer Nic an Iomaire as Coill Sáile.



Ar chlé, Nuala Ní Ghuairim as Leitir Ard agus Sharon Ní Cheannabháin as Coill Sáile.



Sorcha Níc an Iomaire as Caladh bhFuínnse agus Risteárd Mac Donnchadha as Garraí an tSagairt.

# Ceiliúradh agus Ceol



▲ Ceol Tí Chregg in Árainn - ? Seoige as Inse Ghainnimh, Michael Phat Thomás as an Aird Mhóir agus Peter Radcliffe as Carna ó dhúchas.



▲ Scottie an tAstrálach a bhíodh in Óstán Charna agus dathanna Charna ó bhun go barr air agus Ciarán Ó Tuathail as Cill Chiaráin ar chlé.



▲ Ceiliúradh sna hOileáin – ó chlé: Máire Uí Ráinne (Ní Chonghaile) as Leitir Móir, an peileadóir Antoine Ó Gríofa agus Sally Fullard (Ní Chonghaile) as Leitir Móir agus gliondar orthu faoi bhuachtáil Chraobh na hÉireann.



I mBoston i mí Meitheamh seo caite. Ar chlé: Máirtín Ó Gríofa as Muigh Inis agus Seosamh Ó hIarnáin as Ruisín na Mainíoch agus Cois Fharraige. Bhí siad gaibhte anonn le foireann dornálaithe óga Chonamara a throid foireann as South Boston. ▶



Sa Róimh i mí Mheán Fómhair. Ó chlé: Ann Marie Ní Fhlatharta (an Aird Mhóir), Elizabeth Ní Mhaoláin (an Aird Mhóir) agus Paula Ní Chualáin (Corcaigh agus Carna). ▶

# Ag Caitheamh Ancaire thar Sáile



***Gold City*** **sa Tuirc i mí Iúil. Ó chlé: Máirtín Ó Conaire, Máirtín Tom Sheáinín, Johney Mháirtín Larry agus Michael Foley.**



**Thug Naoko Uí Ghuairim agus a fear Josie Guairim as an Aird Thoir (Josie Joe Pheadair) agus a gclann cuairt ar an tSeapáin i mbliana. As an tír sin i Naoko ó dhúchas. Anseo tá cuid de theaghlach Naoko agus Josie ina gcuideachta sa líne cúil. Chun tosaigh, tá Riocáird Keikichi Ó Guairim agus Seosamh Yoshitomí Guarim – sin iad clann mhac Josie agus Naoko.**




**I mBoston sa samhraidh seo caite. Ó chlé: Paddy McGrath as Ros Muc, Johney Joyce as Inis Bearrachain, Máire Ní Chéidigh as Leitir Móir agus a fear, Pádraig Ó Céidigh as Cruiminne.**



**Anseo tá Naoko agus Josie Ó Guairim sa tSeapáin i mbliana.**



**Boston – Ó chlé: Bean de mhuintir Chonaire as an gCaladh (Calla) i mBaile Ac' Conghaile, Máirín Senuta (Máirín Chuimín Uí Neachtain) as an Aird Mhóir agus a hiníon, Maura. Sé Tomás Mac an Iomaire – Tom Sheáinín – as Coill Sáile an fear atá ar chúl sa bpictiúr.**




**Sa Tuirc ag gabháil fhoinn – Seo é *Gold City* ar chósta na Meánmhara. Tugadh Johney Mháirtín Larry amach chuig an ócáid oscailte. Sa bpictiúr seo (ar dheis) Johney Mháirtín Larry agus Máirtín Ó Conaire as an gCoillín, ar chlé. Tá teach ag Máirtín amuigh ann. Beirt as Conamara a rinne forbairt ar *Gold City* – Matt Sullivan as an gClochán agus Michael Foley as Béal an Daingin.**

**BOARD OF PUBLIC WORKS.**

# FISHERIES, PIERS, & HARBOURS,

*9th Victoria, chap.* 3.

# PIER AT KILKIERAN,

*In the County of Galway.*

## FINAL NOTICE

**In compliance with the Preliminaries required under the Act of 9th Vic., c. 3.**

We do hereby Notify and Declare, that all the Requisitions of the Act 9th Victoria, Chap. 3, entituled "An Act to encourage the Sea Fisheries of Ireland, by promoting and aiding with Grants of Public Money, the construction of Piers, Harbours, and other Works," with respect to the execution of the proposed Pier at Kilkieran, in the Co. of *Galway*, and to all matters and things preliminary to the commencement of the same, and with respect to the Security or Charge for the Monies to be advanced for said Pier by way of Loan, have been complied with.

RICHARD GRIFFITH, } *Commissioners of*
J. RADCLIFF, } *Public Works.*

*Dated at the Board of Public Works,*
*Custom House, Dublin, this*
*7th day of May,* 1847.

By Authority—A Thom, 87, Abbey-street, Dublin.

*Bhí obair á déanamh ar Chéibh Chill Chiaráin 150 bliain ó shin – Aimsir an Ghorta.*



Stíofán Ó Cualáin agus Breeda Ní Mhainnín as Ros Muc. A Phós ag teannamh le deireadh 2006.

# Scéal fada ar an bhfeamainn

*le Seosamh Ó Cuaig*
**- Comhairleoir Contae agus Comhalta ar Údarás na Gaeltachta.**

**Trí bliana déag agus dá fhichead ó shin - ar an gceathrú lá fichead de Shamhain, 1954 – bhí díospóireacht sa Dáil faoi mhonarcha Arramara Teoranta i gCill Chiaráin. Ba é Joe Blowick a bhí ina Aire Tailte ag an am agus dúirt seisean gur éirigh go maith leis an monarcha an bhliain roimhe sin. Íocadh os cionn £8,000 páí agus dódh luach £4,100 de mhóin sa monarcha. Íocadh pingin mhaith freisin leis an dream ar ceannaíodh na slata mara uatha.**

Mhínigh an tAire Blowick don Dáil go raibh siad le tuilleadh forbartha a dhéanamh anois – deiseanna níos fearr a chur isteach leis na slata mara a thriomú agus a mheilt, tosú ag ceannacht carraigín agus á pacáil agus tosú freisin ag déanamh beatha beithíoch as an bhfeamainn. Bhí Fianna Fáil sa bhfreasúra ag an am agus dúirt siad leis an Aire Blowick go dtabharfaidís chuile thacaíocht don Rialtas le monarcha Chill Chiaráin a chur chun cinn. Labhair an Teachta J. Lynch ar a son agus dúirt:

> "There are many branches of the industry than can be developed and I am sure the Minister mentioned them in the course of his introductory speech, but I would also like to urge on the Minister if at all possible to use this increased capital to make the harvesting of the crop more attractive. Some few months ago the Minister's representatives went to America to investigate the method of harvesting they had there and, I believe, reported favourably on the increased harvest that could be got by the employment of more up-to-date methods. Everybody knows that the saving of seaweed, no matter in what form, is a rather hard and certainly unpleasant operation. Therefore, anything that would make it more pleasant and easy for the harvesters to gather in the seaweed would certainly inure to the benefit of the industry as a whole. I do not wish to delay the House any longer except to wish the Minister well in this expanding venture…"

Labhair an Teachta Dála Gerald Bartley as an gClochán ar son Fhianna Fáil é féin:

> "Bhíomar foighdeach go dtí seo leis an tionscal atá bunaithe i gCill Chiaráin", a dúirt sé. "Bhí a fhios againn nach raibh mórán dul chun cinn á dhéanamh ann. Is maith an rud é go bhfeiceann an tAire anois go bhfuil sé in am tabhairt faoin gceist aríst. Bhí mé féin ag súil le tuilleadh eolais ón Aire mar gheall ar fheidhm a bhaint as feamainn seachas min a dhéanamh aisti. Ba mhaith liom, nuair a bhéas an tAire ag cur deireadh leis an díospóireacht seo, go mbeadh ar a chumas tuilleadh eolais a thabhairt dúinn ar cad atá ar siúl thar lear in áiteanna go gcuirtear an fheamainn as Cill Chiaráin – féachaint ar féidir linn sa tír seo feidhm a bhaint as na próiseanna céanna."

Ag freagairt na ceiste seo dhó, dúirt an tAire Blowick an méid seo:

> "The position is roughly this – a product known to the commercial world as alginic acid is extracted from the sea-rods. Its extraction is a complicated process and we have not got the secret of how it is produced commercially. It is a highly valuable commodity, I believe, but it appears that even in Europe there is only one firm, Alginates Limited, London, that has the secret of extracting it economically on a commercial basis. Small quantities could be extracted but not on an economic basis. I would like to see the day come when we would be able to do that work ourselves here but when I point out that our opposite number in England are purchasing all the sea-rods that can be gathered in Scotland and along the English coast as well as all we are producing here, it will show that even if we started a factory here we would be very limited as to quantity unless we were to go to Norway or the U.S. or somewhere else to purchase sea-rods and that would not be likely. I am afraid the quantity of raw material available would not be sufficient even if we had the secret. Nobody else in England or Western Europe seems to have the information and there is

*Ar lean ar lth. 45 ...*

# Tigh Pheacocke

**An Teach Dóite**
**Maam Cross**
**Conamara, Co na Gaillimhe.**

*Tel…091-552306 Fax…091-552216.*
*Email: info@peacockes.ie*
*Website: www.atlantisholidaygroup.ie*

**Comhdhálacha agus Cóisir Mhóra**
**…togha áite le haghaidh BAINIS**

**For all your conferences, meetings, Dinner Dances and**
**WEDDINGS**
**Cateringing for up to 200 people - range of menu's to suit**
**Every taste and every budget - Air conditioning in building.**

**An Bialann agus Beár na Gúisigh**
**Food served daily from 12 noon to 6 p.m. in bar --- evening menu available from 6 to 9 p.m.**
**Excellent Sunday Lunch**

**Craft and Gift Shop - Open Daily**
**Extensive range of quality handcrafted gifts from Crystal, Jewellery, Knitwear and much more - a good place at Christmas!**

**Seomraí Leapan**
**Luxuriously appointed Bedrooms with Direct Dial Telephones -**
**Tea and Coffee making facilities -----Family rooms available.**

**Stáisiún Peitreal agus Diosal - Túr 20 meadar ar airde le breathnú uait - macashamhail teach an**
**"Quiet Man" agus ticéid Lotto le ceannacht.**

*Feicfidh mud ann sibh …beannachtaí na Nollag agus Athbhliain faoi mhaise …*
*Tigh Pheacocke - Crosbhóthar an Mháma.*

... Ar lean ó lth. 43

only one single alginate concern in the United States that I know of, making two in all, and these are the only two who have the secret of extracting alginic acid from the sea-rods economically."

Labhair an tAire Blowick ansin faoin obair chrua a bhí ar an dream a bhí ag bailiú na slata mara:

"Deputy J. Lynch mentioned the difficulties of harvesting the crop. I will see what can be done along these lines. I am aware that in some places where the seashore is steep, or rocky, the gatherers suffer a good deal perhaps having to drag the seaweed on their backs over the rocks to where it can be dried. I will see that can be done that way by helping them out and, perhaps, providing paths or suitable tracks for a horse and cart, and also perhaps drying walls."

Ba shin é 1954. Le Údarás na Gaeltachta monarcha Chill Chiaráin anois. Tá airgead mór caite ag an Údarás ag feabhsú na monarchan agus ag iarraidh an mhonarcha a choinneáil ag imeacht. Ach caithfear a rá go fírinneach nár éirigh linn fós plean a chur i dtoll a chéile a


# Mylotte's Carna



**Siopa Grósaera**



**Teil: 095 32256**

**Facs: 095 32951**

**Mylottes Funeral Directors**

**&**

**Funeral Home**

**Carna**

**Teil: 095 32256**

**Facs: 095 32951**

***Socraithe iomlán Sochraide agus Créamadh***

***Teach tórramh lonnaithe cóiriúil don Séipéal***

# ANNE DOWD

## *Gruagaire Charna*

**Mná, páistí agus fir**

*Seirbhís ghairmiúil den chéad scoth*

**Glaoigh ar 095-32277**

# *Arramara Teo.*

*Cill Chiaráin,*
*Conamara,*
*Co. na Gaillimhe*

**Fón**

095 33404/33417

**Facs**

095 33494

e phost: info@arramara.ie

**www.arramara.ie**

# Arramara

## … 60 bliain i gcladaí Chonamara

*Máirtín Ó Catháin*

**Ní raibh ann ach go raibh gunnaí móra an Dara Cogadh Domhanda ciúinithe. Ní raibh ann ach go raibh tae agus tabac ag éirí roinnt fairsing aríst théis aimsir an "ration". Bliain a bhí inti freisin a bhí fuar agus feannta. Tháinig an sneachta ba mheasa a facthas sa tír seo leis na scórtha bliain roimhe sin. Bhí brat maith sneachta ar an talamh go domhain amach san Aibreán….1947. Sin í an bhliain ar bunaíodh tionscail na feamainne i gCill Chiaráin – 60 bliain go ham seo. Is beag tionscail eile sa nGaeltacht a mhair an t-achar sin. Tá Arramara beo i gcónaí; d'fhéadfadh sé a bheith níos láidre sa mbliain seo 2007 ach, ar an taobh eile den scéal, d'fhéadfadh an scéal a bheith níos measa. Tháinig lagtrá i gcúrsaí Arramara roinnt babhtaí le leathscór blianta. Tá an tionscail tagtha as an trioblóid sin anois, adeir an dream ceannais i gCill Chiaráin agus tá sé ina dhóchas go bhfuil tuilleadh feabhais in ann do Arramara.**

Dúirt Dónal Ó hIcí, an bainisteoir in Arramara Teo. go dtiocfaidh an comhlacht slán ó thaobh airgid de i 2007. Ní bheidh ann ach beagán brabúis ach is fearr é sin ná an bhail a bhí ar Arramara amannta le deich mbliana. Bhí cúrsaí go dona i 2000, 2001 agus 2002. Chaill siad €135,000 i 1999. Chaill siad os cionn €200,000 an bhliain dár gcionn. Dúnadh an mhonarcha a bhí i dTír Chonaill i 2001. Socraíodh go gcoinneofaí Chill Chiaráin ag imeacht agus go mbeadh sé ina cheann cheathrú ag Arramara Teo. Sé Frank Fahey a bhí ina Aire Mara san am agus munach sin d'fheadfadh sé go mbeadh Cill Chiaráin dúnta. Sa Dáil ar an 22-6-2001 rinne Donncha Mac Fhionnghaile T.D. as Tír Chonaill ionsaí gearr ar an socrú a rinne Fahey faoin Arramara ó thuaidh.

Tharla tuilleadh deacrachtaí ó shin freisin. Rinneadh obair ar an monarcha i 2005 ach bhí caillteanas mór airgid ann aríst le cúpla bliain. Ach, feictear do Dhónal Ó hIcí go bhfuil an comhlachta ag teacht as an lagtrá. Mar sin céard atá ar bun in Arramara i 2007 …trí scóir blianta ó bunaíodh tionscail na feamainne i gCill Chiaráin.

### Ag baint agus ag díol

Tá geall le 20,000 tonna sa mbliain feamainne dá baint anois – tháinig méadú ar an méid a baineadh i 2007 i gcomórtas le 2006. Tá tuairim is 300 fear a bhaineann feamainn "ar na leabhra" ag Arramara Teo.

Seo h'iad na figiúirí a thug Arramara dúinn faoina ceantracha a mbaintear an fheamainn iontu le cur isteach chucu féin i gCill Chiaráin:

| | |
|---|---|
| **Leitir Móir/Ceathrú Rua** | … … … … … … 25% |
| **Cósta thiar Mhuigheo** | … … … … … … … 23% |
| **Cloch na Rón go Leitir Fraic** | … … … … … 13% |
| **Ceantar Charna/Mhuigh Inse** | … … … … … 10% |
| **Ros Muc** | … … … … … … … … … … … … … … 7% |
| **Leitir Mealláin** | … … … … … … … … … … … 3% |
| **Cill Chiaráin** | … … … … … … … … … … … … 3% |
| **Ceantracha eile anonn agus anall** | … … … 15% |

*Ar lean ar lth. 49 ...*


# *Matt O' Sullivan*
# *Ceantálaí, seirbhís luachála talúna agus foirgintí.*

Clifden. Tel: 095 21066/095 21428 – Fax: 095 21066
Cong Tel: 094 9546713/094 9546955
E-mail: property@mattosullivan.com
Web: www.mattosullivan.com


We are happy to value your property free of charge if you are thinking of selling. Properties are photographed and brochures prepared and displayed in both offices and on the internet- also free of charge.

As well as selling property locally we also sell foreign property and have great pleasure in selling high quality properties in GoldCity Alanya Turkey.

## Goldcity
## Alanya
## Turkey



Unique international 5 star development on mountain top overlooking the Meditteranean in Turkey`s riveria Alanya. Exciting recent news include new international airport 20 mins away to be opened end of 2008 and golf course construction started on GoldCity. Excellent year round rental income and capital appreciation for the villas, apartvillas and apartments in the GoldCity 5 Star Hotel and Resort. Some facilities include restaurants and bars, turkish baths and beauty centre, gymnasium, private beach, yacht and marina, swimming pools indoor and out and commercial shopping. We also organise regular subsidised inspection trips.



GOLDCITY®
AYDOĞAN A.Ş.
HOTEL & APART VILLAS & VILLA

For any queries, valuations, buying or selling property please contact Matt, Sinead or Sorcha O'Sullivan where we would be delighted to help. 095-21066 www.mattosullivan.com

***Ba mhaith linn Nollag Shona agus bliain Nua Mhaith a ghuí ar a gcuid custaiméirí ar fad.***

**These particulars are intended to give a fair description only and are in no way guaranteed, nor do they form any contract. They are issued on the express condition that all negotiations are conducted through Matt O'Sullivan Ltd. All properties are offered subject to contract and to being unsold.**

... Ar lean ó lth. 47

Tá 17 ag obair go buan i monarcha Arramara Teo i gCill Chiaráin agus 4 ann go páirt-aimseartha.

Ó thaobh na margaí de is mar seo atá cúrsaí.

| | |
|---|---|
| **An Bhreatain** | **50%** |
| **An Fhrainnc** | **20%** |
| **Éirinn** | **10%** |
| **Meiriceá** | **5%** |
| **Tíortha éagsúla eile** | **15%** |

Is díol suntais cuid de na margaí atá ag Arramara Teo. Téann sláimín amach don tSeapáin chuile sheachtain. Teastaíonn sé le cur san 'sushi' sa tír sin. Itheann siad 'sushi' as éadan sa tSeapáin. Téann tuilleadh do fheamainn Chill Chiaráin go Thailand. Cuirtear é sa mbeatha a tugtar don ribe róibéis i Thailand – tá feilmeacha ribe róibéis sa tír sin.

## Faoi scáth an Údaráis

Tá athrú ar an margadh atá ag Arramara agus sin rud maith. Ní théann anois ach an tríú cuid don fheamainn as Cill Chiaráin go ISP in Albain. Bhí an chuid is mo don fheamainn ag dul ansin ar feadh na mblianta. Bhí láimh ag ISP sa gcomhlacht. Tá Arramara dealaithe amach uathu siúd anois agus iad istigh faoi scáth Údarás na Gaeltachta.

Shocraigh an tAire nua Gaeltachta, Éamon Ó Cuív i 2003 gur bhfearr go mbeadh Arramara istigh leis an Údarás. D'fhága sin go raibh socruithe le déanamh faoi scaranna an Stáit sa gcomhlacht; athraíodh iad ó Roinn na Mara go dtí Roinn na Gaeltachta. Tá 82% do na scaranna ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta anois agus tá 18% ag Údarás na Gaeltachta. Ach, is faoin Údarás atá cúramaí an comhlachta ó lá go lá.

Táthar ag iarraidh ardú 20% a chur ar an méid tonnaí feamainne a thabharfar isteach i 2008 – sin 4,000 tonna eile. D'éireodh thar cionn le Arramara agus é sin a dhéanamh. Tá sé ina imní le fada go mbeidh laghdú ar an líon fear a bhainfidh feamainn. Níl na daoine óga cleachtaithe leis an obair throm sin. Agus níl mórán dóchais ann go bhfaighfear meaisín ar bith a bhainfeadh feamainn i gcladaí achrannacha Chonamara. Tá cineál dóchas ann go mbainfear tuilleadh feamainne má thitheann an tóin as obair ar na *build*eálacha. B'fhéidir …ach ní maith an rud é go mbeadh tionscail na feamainne ag braith ar lagan i dtionscail eile le fanacht beo. Tá €38 an tonna dá íoc ar fheamainn anois. Ach is maith an saothraí fir a bhainfidh dhá thonna sa ló. Agus níl ach roinnt áirithe laetheanta aige de bharr cúrsaí trá agus taoille …agus aimsire.

## Ag leámh na feamainne?

Ina dhiaidh sin uilig, d'fhéadfadh sé go bhfaighfí bealaí eile le buachtáil a fháil ar an bhfeamainn. Dá dtiocfadh sé sa déanamh go mbeadh níos mó buachtála as an méid feamainne a baintear, bheadh Arramara níos láidre …agus bheadh a ailleacht sin ar lucht bainte na feamainne freisin. Bheadh níos mó airgid ina bpócaí dá bhárr. D'fhéadfadh an rud ar a dtugtar "liquidisation" athrú mór a chur an tionscail.

Sé'n chaoi a leáfaidh an fheamainn sa bpróiséis seo. Táthar dá dhéanamh in áiteacha eile cheanna féin. Níl tú ag fáil ach tonna amháin le cur ar an margadh as chuile cheithre thonna a cuirtear isteach go Cill Chiaráin faoi láthair. Bheadh i bhfad níos mó agat as dá mbeadh an "liquidisation" ann. Tá a fhios go bhfuiltear ag caitheamh súil ar sin in Arramara. Ceaptar go dteastódh áit eile i gCill Chiaráin le n-aghaidh seo – tuairim is 5000 troigh cearnach spáis. Is dóigh go gcosnódh sé €500,000. Bheadh oiliúint i gceist agus chaithfeadh Arramara Teo a theacht i gcleachtadh ar an obair nua. Ach, is féidir é a dhéanamh.

Tionscail iontach don phobal seo a bhí in Arramara Teo le 60 bliain. Cé go raibh an obair trom, bhí daoine cleachtaithe le obair throm agus is iomaí sin bearna a líon an teacht isteach as an bhfeamainn. Is maith an scéal é go bhfuil Dónal Ó hIcí an bainisteoir in Arramara anois dóchasach go bhfuil bunchloch mhaith go leor curtha faoin gcomhlacht arís. Fear é Ó hIcí a chuaigh isteach cheanna i dtionscail a raibh trioblóidí ina mbealach agus a rinne obair mhaith. Beidh an pobal seo … agus muintir Chonamara … ag súil go n-éireoidh go geal leis.

## CHUAIGH MUID I BHFAD AGUS I nGEARR......

# Tom Ridge

***Cuireadh Tom Ridge iar Ghobharnóir ar Stát Pennsylvania sa bpost ba mhó a raibh cúram ag baint leis i Meiriceá tar éis ionsaithe 9/11 i Nua Eabhrach agus i Washington.***

***"Secretary for Homeland Security" an post a tugadh dó – cosaint agus slándáil a thabhairt do phobal Mheiriceá.***

***Tá sé raite ag Tom Ridge go mba as Conamara muintir a athar i bhfad siar. Chas sé le Páraic Ridge as Bun na hAbhann i mBaile Átha Cliath le súil agus go bhfaigheadh sé tuilleadh tuairisce.***

***Anois, níl aon tuairisc chruinn againn – tá clainne Ac'Con Iomaire láidir i nDoire an Choill freisin.***

***De réir an tseanachis ba in Iorras Aithneach a bhí muintir Mhic an Iomaire uilig i bhfad siar. As sin chuaigh fear acu go Bun na hAbhann agus chuaigh tuilleadh de mhuintir Mhic Con Iomaire soir go Doire an Choill.***

***In áit éicint ar an aistir sin chuaigh fear acu go Meiriceá a raibh Tom Ridge, "Secretary for Homeland Security" i Meiriceá ar dhuine dá shliocht.***

**Eolas faoi chúlra Tom Ridge as Meiriceá**



**Early life**

Born in Munhall, Pennsylvania, in Pittsburgh, USA's Steel Valley, the son of a traveling salesman and Navy veteran, he was the oldest of three children. His mother's family of Rusyn nationality came from Slovakia, his father's ancestors were Irish and Cherokee. Ridge was raised in veterans' public housing in Erie, Pennsylvania. He was educated at St. Andrews Elementary School and Cathedral Preparatory School and did well both academically and in sports. He earned a scholarship to Harvard College, paying his way through with construction work and graduating with honors in 1967.

After his first year at the Dickinson School of Law, he was drafted into the U.S. Army, where he served as an infantry staff sergeant during the Vietnam War. He earned the Bronze Star Medal, National Defense Service Medal, Vietnam Service Medal, Vietnam Campaign Medal, Vietnam Gallantry Cross Unit Citation with Palm, and the Combat Infantryman Badge. Later he was offered a position as an officer but turned it down when he learned that it would require an extra year of service.

A ruptured appendix cut short his tour and he returned home in 1970; service also aggravated a childhood ear infection. Since then Ridge has had a hearing aid in his left ear. Deafness forces him to lean in close and listen intently to whoever is speaking to him.

After returning to Pennsylvania, he completed his Juris Doctor (J.D.) degree at the Dickinson School of Law, graduating in 1972, and entered private practice.

# Patricia Cloherty

*D'fhága athair Patricia Cloherty – John Cloherty – Cill Chiaráin agus gan é ach 14 bliain d'aois. B'shin é 1923.*

*D'imigh clann Uí Chlochartaigh uilig – seisear acu. Dílleachtaigh a bhí iontu. Go San Francisco a chuaigh siad.*

*Ag dul siar rúinne beag sa stair, ba í Mary King máthair John Cloherty agus ba í Bridget Cooke King as Áill na Brún a máthair siúd. Sin scaithimh maith ó shin. Sa lá atá inniu ann, tá Patricia Cloherty, iníon leis an dílleachta, John Cloherty ar dhuine de na daoine is mo cáil i gcúrsaí gnó i Meiriceá.*

*Tá gradaim mhóra buaite aici agus bhí sí ar choistí chomhairleacha ag beirt Uachtaráin sna Stáit Aontaithe.*

## 100 Crain's Most Influential Women in NYC business.



Capitalist adventurer mines Russia's free-market frontier

## Patricia Cloherty

**Delta Private Equity Partners**

Patricia Cloherty, CEO & President
Delta Private Equity Partners

Patricia M. Cloherty is Chairman and Chief Executive Officer of Delta Private Equity Partners, LLC, manager of the U.S. Russia Investment Fund and Delta Russia Fund, L.P., two venture capital funds. She is former Co-Chairman, President and General Partner of Apax Partners, Inc. (formerly Patricof & Co. Ventures, inc.), a $10 billion private equity company that she joined in 1970, and from which she withdrew in 2000. She is a past President and Chairman of the National Venture Capital Association of the United States. In 1991, President George H.W. Bush appointed her to chairman of an Investment Advisory Council to revamp the Small Business Investment Company program of the U.S. Small Business Administration. From 1977 to 1978, Ms. Cloherty was Deputy Administrator, U.S. Small Business Administration, appointed by President Carter. In 1981, Ms. Cloherty also was the founding President of the Committee of 200, a prestigious organization of the country's leading women entrepreneurs and corporate executives. In 2004, she was named Businessperson of the Year by the American Chamber of Commerce in Russia.

Ms. Cloherty holds various directorships, among them Lexicon Genetics, Inc., and Independent Network Television Holdings (Moscow). She is a Trustee of Columbia University, a Trustee for Life of International House, and a Trustee Emeritus of Columbia University's Teachers College. She is a member of the Rockefeller University Council and the Council on Foreign Relations. She was appointed to the Board of the U.S. Russia Investment Fund in 1995 by President Clinton, became Chairman in 1998, and Chief Executive Officer from 2003 to 2006.

She holds a B.A. from the San Francisco College for Women, and an M.A. and M.I.A. from Columbia University. She served in the Peace Corps in Brazil from 1963 through 1965.

# Polaiteoir eile as pobal Charna

## – ag fiach ar an Seanad i Maine

*le Máirtín Ó Catháin*

State Representative Margaret Craven an t-ainm agus an teideal atá aici i Maine i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Mairéad Ní Chonghaile a thabharfaí uirthi sa mbaile – sin nó Mairéad Mhattie Sheáinín as Leitir Ard. Ansin a rugadh agus a tógadh í. Chuaigh sí chun na scoile i Scoil Bharr Linnín – nó i Scoil Ghlinnsge mar a tugadh ar an scoil sin go hoifigiúil. Tá an scoil sin dúnta le seacht mbliana déag agus fiche anois. Tá scaithín maith blianta imithe tharainn freisin ó chuaigh Mairéad go Boston an chéad uair. Ní raibh sí ach 17 san am. Phós sí Jim Craven agus d'aistrigh siad go Lewiston i Maine, an áit ar b'as eisean. Le sé bliana anuas a chuaigh Mairéad leis an bpolaitíocht. Sna "Democrats" atá sí. Tá trí thoghchán troidithe aici agus chuile cheann acu buaite aici. Anois, tá sí sa tóir ar stadas níos airde sa bpolaitíocht. Beidh sí ag iarraidh suíochán a fháil sa Seanad Stáit i Maine i dtoghcháin na Samhna seo chugainn. Tá sí ag stocaireacht cheana féin. Mar tá vótáil eile le déanamh sul a mbeidh Mairéad cinnte go mbeidh sí san iomaíocht i mí na Samhna, 2008. "Sin í an bhótáil is mó atá ar m'intinn anois", a deir Margaret.



Lewiston, Maine – Seo í State Rep. Margaret Craven – Mairéad Ní Chonghaile as Leitir Ard ó dhúchas – agus a fear, Jim Craven. Tógadh an pictiúr seo ina dteach cónaithe i Lewiston i mí na Samhna. Beidh Margaret ag fiach ar shuíochán Seanaid i Maine i 2008.

Tá rud i Meiriceá ar a dtugtar na "Primaries". Ní h'é amháin go bhfuil "Primaries" ann ar fud na tíre do thoghchán na hUachtaránachta; bíonn "Primaries" taobh istigh de na Státaí éagsúla freisin. Tá fear eile ag iarraidh a dhul san iomaíocht ar thaobh na nDaonlathach i gceantar Lewiston. Ní mór do Mhairéad an ceann is fearr a fháil san "Primary" i mí Meitheamh seo chugainn. "Má éiríonn liom san bhótáil sin sílim go n-éireoidh liom sa toghchán i mí na Samhna. Ceantar láidir Daonlathach é seo agus sílim go mbeidh an ghaoithe i seolta an pháirtí sin againne freisin i mí na Samhna seo chugainn", a deir Mairéad. Ní h'é amháin gur bua iontach a bheadh ann do bhean a d'fhág Conamara taobh le oideachas scoil náisiúnta; bua mór a bheadh ann ar bhealaí eile freisin. Theaghmhaigh tragóidí móra do Mhairéad le blianta beaga anuas.

## Tragóidí ag baile

Báitheadh a deartháir, Josie Ó Conghaile – Josie Mhattie Sheáinín – i dtubaiste an St. Oliver siar ó chósta Mhuigh Inse ar an 17ú Meán Fómhair, 2004. "Níor imigh seachtain thart nach mbíodh píosa comhrá agam le Josie ar an teileafón", a deir Mairéad. "Ba uafásach an briseadh croí a bhí ann." Ach, lena chois sin, bhásaigh beirt dheartháir eile léi in imeacht achar gearr ina dhiaidh sin – Paddy a bhí ina chónaí i Sasana agus ansin Eddie. Ní raibh Eddie ach i dtús na gcaogaidí nuair a cailleadh eisean. "Bhí brat duaircis sa mullach orm ar feadh i bhfad", a deir Mairéad. "Bhí mé croíbhriste faoina raibh tarlaithe do mo theaghlach sa mbaile agus mé anseo 3,000 míle as Leitir Ard i Stát Mhaine. Ansin rugadh naonán – mac – dá mac féin. B'é an chéad ghar mhac é. "Thug sin ardú croí dom", arsa Mairéad. "Théis na dtragóidí uilig, bhí beocht agus dóchas tagtha sa saol. Thug siad Fionn air. Fionn rua – tá an ghruaig rua cheanna féin. Éireannach óg siúráilte."


Ba cailín rua í Mairéad freisin. Nuair a tháinig sí go Meiriceá i dtosach thugadh daoine suntas dhó sin. "Is dóigh go raibh mé ag teacht leis an bpictiúr a bhí anseo i Meiriceá don chailín Gaelach", a deir Mairéad. Ach, thairis sin – agus fonn oibre a bheith uirthi – ní mórán oiliúna a bhí uirthi do shaol Mheiriceá. "Seachain a mbeadh mí-thuiscint ar dhuine ar bith; tá an áit ar rugadh agus ar tógadh mé fite fuaite im mo chroí i gcónaí. Ach is beag seans a bhí ag daoine agus muide ag éirí aníos. Bhí an saol sách crua ar chuile dhuine. Tá athrú mór ar Éirinn anois agus is iontach go deo an rud é sin. Ach bhí saol do chineál eile ann san aimsir a caitheadh. Shíl na tuismitheoirí gur bhfearr do dhaoine óga imeacht agus ba dheacair milleán a chur orthu faoi sin. Agus nuair a d'imigh tú is ar éigin go dtiocfá ar ais."

## Máistreacht san oideachas agus clár teilifíse

D'oibrigh Mairéad ag tabhairt aire do ghasúir agus i mbialanna ar feadh roinnt blianta i mBoston. Ansin phós sé féin agus Jim agus le h'imeacht aimsire chuaigh siad go Maine. Tá beirt mhac acu.

Bhí Mairéad bainteach le grúpaí a thug cúnamh do dhaoine a bhí faoi mhí-bhuntáiste i Maine le fada. Nuair a bhí na gasúir fásta suas roinnt chuaigh sí chun na scoile arís…agus ansin chuig an University of Southern Maine. Fuair sí céim san Oideachas Aosach agus in Obair Shóisialta. Choinnigh sí leis an staidéar agus fuair sí céim Mháistreachta ina dhiaidh sin. Tá sí bainteach le coistí parlaiminte go leor sa Stát anois. Lena chois sin uilig, cuireann sí clár teilifíse i láthair uair sa mí. Scaiptear an clár seo ar stáisiúin eile sa Stát. "Déarfainn gur "Daonlathach Liobrálach" mé féin", a deir Mairéad "ach sílim go dtugaim cothrom na féinne do chuile dhuine ar an gclár. Ar ndóigh, admhaim nach dochar é sa bpolaitíocht go bhfuil mé le feiceáil ar an scaileán teilifíse minic go maith."

Tá súil ag Margaret Craven – Mairéad Ní Chonghaile – go mbeidh sí i measc 35 Seanadóir Stáit Maine ach a dtiocfaidh an Nollaig aríst. Tá sí ag coinneáil leis an tradisiún láidir polaitíochta atá ag daoine as an bpobal seo sa mbaile agus thar lear. Bhí fear d'arbh ainm Joe Brennas ina Ghobharnóir ar Stáit Maine tráth don t-saol. Ba as Caladh bhFuinnse a mháthair, Béab Mhark Mhurchadha. Tá Mairéad Mhattie Sheáinín as Leitir Ard ag coinneáil leis an traidisiún seirbhíse sin 3,000 míle óna baile dúchais.





# TIGH MHORÁIN

**Marian Lydon-095 32987**

***Earraí Grósaera***
***Gual,***
***Briquettes***
***Gais agus Beatha Beithíoch***

***Ón Siopa díreach go dtí do dhoras***

**Oscailte ó 8:30 – 9:00**
**7 la na seachtaine**

# SWEENEY OIL

**Clifden & Galway**

**Order your home heating oil today!**

✓ Competitive prices
✓ Same day delivery
✓ Order 24 hours a day, 365 days a year
✓ Quality fuel products
✓ Metered deliveries
✓ Convenient Laser and Credit Card payment options

**Call our hotline today on 095-21777**
**Order online: www.statoilheating.com**

STATOIL

# An Pobal i Meiriceá 2007



**Nua Eabhrach – I lár báire anseo, tá Anne Costelloe…no Áine Ní Chaodhna as Gabhla ó dhúchas…atá ina cónaí i New York anois le scaitheamh maith blianta. Deirfiúr í le Tomás agus le Pádraig i nGabhla agus Maisie ar an Sraithe Salach.**

**Tá sí pósta le Maidhc Costelloe as an mBántrain. Tá sí ag obair i "Real Estate" i Nua York – ag díol tithe. Tógadh an pictiúr seo i Long Island sa bhFómhar. Ar chlé Micheál Ó Cadhain as Gabhla, i lár báire Anne Costelloe agus ar dheis, Máirtín Ó Catháin.**



**Portland, Maine – Seo í Maureen Coyne-Norris as Portland i Maine. Ar an Oileán Iartach a rugadh sean mháthair Mhaureen ….John Coyne. Tá cuairteanna go leor tugtha ag Maureen ar Chonamara – tá sí gar i ngaol le Colman Coyne i gCill Chiaráin, le Ann Dowd agus Alison Coyne, le Tom Anthony agus Mickey agus na Cadhain uilig. Tá suim mhór aici i stair Chonamara agus tá sí bainteach go láidir le gluaiseachtaí Gaelacha i Maine.**



**Boston – Seo é Paul Conroy. Tugann sé eolas do dhaoine faoi chúrsaí taistil traeneach ag South Station, an stáisiúin traeneach is mó i mBoston. As Cill Chiaráin a mháthair, Bríd Ní Raigheallaigh agus as Cor na Rón in Indreabhán a athair, Seosamh Ó Conaire. I Meiricea a rugadh Paul ach chaith sé scaitheamh i gCor na Rón ina ghasúir agus d'fhreastal sé ar feadh tamaill ar Scoil na Tullaigh. Ach, chuaigh an teaghlach ar ais go Massachussetts aríst.**



**Walpole, Massachussetts – Seo í Bríd Uí Loideáin nó Bríd Nic Dhonnchadha (Bríd an Ghabh) as Leitir Ard ó dhúchas. Tógadh an pictiúr seo i mí na Samhna i Walpole. Tá scéal ag baint leis an bpláta atá anseo ag Bríd. Sí Anna Ní Loideáin – b'shin í máthair Josie agus James Mongan – a thug an pláta seo do shean mháthair Bhríd, an oíche ar rugadh an Gabh i Leitir Ard. Ba í an oíche sin…Bealtaine-20-1884. Ba é an Gabh athair Bhríd. Thug Bríd an pláta trasna an Atlantaigh agus tá sé ar an drisiúr aici i gcónaí i Walpole, Massachussetts.**

# Siopa Dowd

## Statoil

### Carna

### Conamara

### Fón /facs: 095-32882

Cártaí Mháirín

# Ó Dubhda, Tógalaí

*Seolann muid beannachtaí na Nollag chuig ár gcustaiméaraí ar fad.*

# As Caladh bhFuínnse go cathaoir an Ghobharnóra i Stát Maine

## *Cosán Joseph Brennan sa bpolaitíocht sna Státaí*



*Michael C. Connolly*

**Sé an *Dr. Michael C. Connolly*, Ollamh le Stair in Ollscoil Naomh Seosamh i Maine a scríobh an t-alt seo do irisleabhar Iorras Aithneach 2007. Rinne foireann an irisleabhair aistriúchán go Gaeilge ar an alt.**

Chaith Joseph E. Brennan dhá théarma ina Ghobharnóir ar Stát Maine i Meiriceá – idir 1979 agus 1987. Bhí sé ina chrann taca ag páirtí na Democrats i Maine sna blianta roimhe sin, tréimhse inár tháinig polaiteoirí mór le rá ar nós Edmund M. Muskie agus George W. Mitchell chun cinn san Stát seo. San aiste gearr seo caithfidh mé súil ar obair Joe Brennan sna blianta roimh, agus i ndiaidh, a théarma mar Ghobharnóir. Lena chois sin déanfaidh mé trácht ar mhuintir a athar (na Braonáin) agus ar mhuintir a mháthar (na Maolchiaráin), a tháinig as ceantar Chaladh bhFuinnse i gCarna.

Ní hí an pholaitíocht amháin a tharraing m'áird ar obair Joe Brennan. Ba as ceantar Chaladh bhFuinnse a tháinig cuid de mo dhream féin freisin. D'fhága Coleman Connolly an baile sin in 1880. Sna blianta céanna sin d'fhága mo mháthair mhór, Mary Josephine Joyce, Muigh Inis i gCarna. Phós an bheirt acu i Portland i Maine in 1883. Leis an saol acadúil agus leis na leabhra a chuaigh mé féin ach b'iontach liom i gcónaí cumas na nÉireannach sa bpolaitíocht anseo sna Státaí. Sin rud a thug stadas agus cumhacht dóibh.

Ba mhór é mo spéis i saol Joe Brennan i gcónaí. Go deimhin, sé a spreag mé le mo chéad leabhar a scríobh – "They change their Sky: The Irish in Maine" (foilsithe ag Orono:University of Maine Press 2004). Tá cuimhne agam ar óráid a



*An Gobharnóir Joesph E. Brennan – fear Chaladh bhFuínnse*

thug sé scaitheamh maith blianta ó shin – dúirt sé gur cheart do dhuine éicint cuntas a scríobh ar stair na nÉireannach i bPortland agus i Stát Maine. Sin í an óráid a dhúisigh mise, dháiríre. Le gairid aríst, ghlac Joe Brennan le mo chuireadh go scríobhadh sé an réamhrá do leabhar nua atá ar intinn agam faoin teideal "Dreams lived by the Second: Portland Maine and its Irish Longshoremen." Tá súil agam go bhfoilseofar an saothar seo i 2008 nó 2009.

### Cúrsa a thosaigh i gCaladh bhFuinnse

Ba as Caladh bhFuinnse ó dhúchas í máthair Joe Brennan – b'shin í Catherine Mulkerrins. Gaeilgeoir ó dhúchas a bhí inti, ar ndóigh. Tá gaol ag Joe Brennan leis na Maolchiaráin atá ina gcónaí ansin ag ceann an bhóthair atá ag dul síos chuig an trá. Sa spota céanna sin a rugadh mo athair mór féin, Coleman Connolly. Tá an teach ar rugadh ann é ina scioból anois ansin ar an gcnocán in aice láthair. Ba comharsanaí iad na Maoilchiaráin agus na Conghaile i gCaladh bhFuinnse - agus aríst i Munjoy Hill i gcathair Portland. Ní raibh ach cúpla sráid idir an áit ar rugadh Joe Brennan agus an áit ar rugadh mise i Portland.

Cé go mba as Conamara é athair Joe – John J. Brennan -níl a fhios agam go bairainneach cén áit ar rugadh é. Gaeilgeoir a bhí ann agus bhí neart comhluadair aige nuair a chuaigh sé ag obair ar na dugaí i gCalaphort Phortland. Éireannaigh ba mhó a bhí ag obair ansin ón mbliain 1850. B'iad a bhí i gceannas ar an gceardchumann ansin. Mar a tharla sé, bhí an-ghlaoch ar oibrithe ansin sna 1880óidí nuair a tháinig sruth eile imirceoirí amach anseo as iarthar na hÉireann. Bhí gorta eile tarlaithe sa tréimhse 1879-1882 in iarthar na hÉireann agus bhí daoine ag dul go Meiriceá as éadan aríst. Ba Ghaeilgeoirí iad cuid mhaith do na buíonta oibre ar dhugaí Phortland san am – fir as ceantracha ar nós Caladh bhFuinnse, Corr na Móna agus Cois Fharraige. Is iomaí teaghlach i bPortland inniu a bhfuil mianach Chonamara fite fuaite iontu.

San bpobal sin i bPortland a rugadh Joe Brennan, an cúigiú duine d'ochtar clainne. Ag uimhir 43 Sráid Kellogg i bpobal Éireannach Munjoy Hill a bhí cónaí

ar an teaghlach. Tá an fharraige ag fáisceadh isteach ar Munjoy Hill ó thrí thaobh – níl idir é agus Gaillimh ach an tAtlantach. Ba i Munjoy Hill freisin a rugadh fear mór na scannán, John Ford in 1894. Ba as an Spidéal a mhuintir siúd. I sráid Sheridan a bhí siadsan – i bhfoisceacht fad sráide do mhuintir Bhrennan.

Cuireadh oideachas ar Joe Brennan i Portland agus chríochnaigh sé an mheánscoil i Cheverus High School (scoil Chaitliceach san am) i 1952. Théis dó dhá bhliain a chaitheamh san Arm chuaigh sé go Boston College agus fuair sé céim ansin. Ina dhiaidh sin chuaigh sé chuig an Scoil Dlí in Ollscoil Maine agus fuair sé a chuid dindiúirí i 1963.

Is iomaí sin stadas a bhí ag Joe Brennan sna blianta ó shin sa saol poiblí i Stát Maine: Cumberland County District Attorney; Maine House of Representatives (1965-1971); Maine Senate (1973-1975); Maine Attorney General (1975-1978); Governor of Maine (1979-1987); US House of Representatives (1987-1991).

Tá sé istigh anois ar an dara téarma mar Choimisinéir ar an Federal Maritime Commission. Thosaigh sé ansin i 1999.

### Aistir aniar …agus siar aríst

In imeacht na mblianta rinne daoine ar nós na Maoilchiaráin, na Conghaile agus na Braonáin agus cuimse dreamanna eile as Gaillimh, baile nua dóibh féin i Portland, Maine. Tá a sliocht siúd múnlaithe mar Mheiriceánaigh anois. Ach, má tá féin, tá go leor acu fiosrach faoin áit as a dtáinig na glúnta rompu. Téann cuid acu "siar" agus bhí mise ar dhuine acu siúd a rinne an aistir sin.

Leag mé mo chois i gCaladh bhFuinnse don chéad uair sa nGeimhreadh 1972/1973. Bhí mé i mbun staidéir dlí i mBaile Átha Cliath. Thug mé mo aghaidh ar Chonamara. Bhí an oiread don ádh orm agus gur casadh Béab Uí Chualáin orm…sin-shean-aintín liom. B'aoibheann liom na h'oícheannta agus na laetheannta a chaith mé ag cómhrá lei féin agus a fear, Festy Ó Cualáin cois tine ansin. B'iontach an seanachaí í Béab. Is iomaí cómhrá fada a bhí againn. Bhí Béab í féin i Meiriceá ina hóige. Bhí sí i Portland agus i mBoston idir 1912 agus 1919. Bhí cuimhne aici ar mo athair, Michael Francis Connolly agus ar mo athair mór agus mo mháthair mhór. Ba deartháir agus deirfiúr mo athair mór - Coleman Connolly - agus máthair Bhéab …Catherine. Thuig mé ar na cuairteanna sin go Conamara go raibh mé féin "tagtha abhaile". Tá gaolta go leor agam sa gceantar agus cairde lena chois sin – na Maoilchiaráin agus na Cualáin i gCaladh bhFuinnse; na Flatharta agus na Maoilchiaráin ar an mBanteach Ard; muintir Uaithnín agus na Gríofa i Muigh Inis agus go leor eile.

Tá cuairteanna tugtha ar Éirinn ag Joe Brennan agus a bhean Connie (LaPointe) agus a mbeirt clainne…a n-iníon, Tara agus an mac Joseph E. Brennan. Tá na Brennan's an-mhórtasach as an gceangal atá acu le Conamara agus le Carna…agus is amhlaidh an cás ag mo dhream féin anseo. Ar na saolta seo caitheann Joe agus Connie Brennan cuid don am i Washington DC san áit a bhfuil dualgaisí ar Joe mar Choimisinéara sa Federal Maritime Commission. Ach, tá teach acu freisin anseo i Munjoy Hill i Portland achar gearr ó mo theach féin. Tá socrú déanta ag an dá theaghlach againn go gcaithfidh muid ancaire san áit ar rugadh agus ar tógadh muid.

### Lorg fágtha ar stair na hÉireann freisin

Thug Portland, Maine deis mhaireachtála do John J. Brennan agus do Chatherine Mulkerrins as Caladh bhFuinnse agus do Coleman Connolly as Caladh bhFuinnse agus do Mary Josephine Joyce as Muigh Inis. D'éirigh go maith le sliocht na n-imirceoirí seo, ar bhealach amháin nó ar bhealach eile. Toghadh duine acu sa post is sinsirigh sa saol poiblí i Stát Maine. Mar Ghobharnóir, bhí cónaí ar Joe Brennan i Blaine House in Augusta, sin é Áras an Ghobharnóna. Tá Blaine House ainmnithe in omós do James G. Blaine iarrthóir na bPoblachtánach i dtoghchán na hUachtaránachta i Meiriceá in 1884 in aghaidh Grover Cleveland. Aistir mhór a bhí ann go Blaine House…as Caladh bhFuinnse - go ceantar na n-imirceach i Munjoy Hill - go dtí an post ab airde céime sa Stát.


Abraitear scaití gur féidir le féilicán a chraitheann a chuid sciatháin in áit éicint athrú a chur ar aeráid an domhain ar bhealach éicint, na mílte míle ó bhaile, b'fhéidir. Cuimhním féin ar an scéal seo agus mé ag déanamh mo chuid macnaimh ar shaol agus ar shaothar Joe Brennan. Le linn a thréimhse mar Ghobharnóir thit sé ar chrann Joe Brennan duine a ainmniú mar chomharba ar an Seanadóir Edmund Muskie a tháing isteach mar Rúnaí Stáit (Secretary of State) i Meiriceá gar do dheireadh thréimhse an Uachtaráin Jimmy Carter. Shocraigh Joe Brennan go gcuirfí George Mitchell mar Sheanadóir go Washington thar cheann Stát Maine. Cé go raibh iarraidh tugtha ag Mitcheall faoi phost an Ghobharnóna i Maine, níor éirigh leis. Ach, mhéadaigh a cháil i Washington mar Sheanadóir agus mar cheannasaí ar na Seanadóirí Daonlathacha ina dhiaidh sin. Théis dó éirí as an Seanad d'iarr an tUachtarán Bill Clinton ar George Mitchell gníomhnú mar chomhairleoir agus mar idirghabhálaí le súil agus go bhféadfaí réiteach a fháil ar thrioblóidí thuaisceart Éireann.

'Speáin an aimsir go mba mhaith an socrú a rinne an tUachtarán Clinton nuair a chur sé George Mitchell go hÉirinn. Bhí láimh mhór ag George Mitchell i socrú "Aoine an Chéasta" i mBéal Feiriste i 1998 …socrú a d'fhágfadh lorg suntasach ar stair na hÉireann agus ar chúrsaí idirnáisiúnta. B'fhéidir nach mar sin a bheadh munach an socrú a rinne Joe Brennan go gceapfaí George Mitchell mar Sheanadóir.

I gcosán fada casta na staire – thosaigh an scéala seo i mbaile beag Chaladh bhFuinnse i bpobal Charna i gConamara ionann agus 130 bliain ó shin.

# Ag iascach agus ag siúl na gcnoc

*Louis Mac an Iomaire*



**Tráthnóna breá i ndeireadh an Aibreáin a bhí ann agus thréis mo lá oibre sa bhforais i nGleann a' Rud - gar do Chill Chiaráin - bhí sé ar intinn agam a dhul ag iascach ar Loch an Bhuí agus ar Loch Sheannach Domhnaill. Thug mé mo aghaidh ar Chnoc Mordáin agus an trathnóna go h'aoibhinn. Suas liom an Poll Bán idir an cnoc agus an choill agus suas gualainn Chnoc Mordáin. Ag féachaint síos uaim dúirt mé liom fhéin nach iontas gur tugadh an Poll Bán mar ainm ar. Tá sé lán do thuí bhán agus féar básaithe thréis an gheimhreadh. Tá an claí thimpeall na coille lán den tuí bhán, é fite fuaite isteach sa sreang mar bheadh "lattice" ann séidithe ag gaoithe an gheimhreadh agus é chomh tirim le corc an t-am seo de bhliain. Bíonn contúirt mhór tine ar an gcoill mar gheall ar.**

Barr an chnoic bainte amach agus Loch na gCloch ar m'aghaidh amach. Tá clocha móra thimpeall na locha agus áiteacha a mbíodh foghlaeirí i bhfolach ag fanacht le géabha fíáine a thagadh ar an droch aimsir fhuar sa n-geimhreadh. Bhíodh na pluaiseanna clúdaithe le gúiseach, scraitheacha agus tuí bhán ós a gcionn.

Tá sruthán faoi thalamh ag imeacht ón loch agus ag dul síos ar an taobh thuaidh don chnoc. Tá ríasc mór ar an mbruach thoir áit fíor-chontúirteach mar a mbeadh eolas agat ann. Ag breathnú uaim ó thuaidh tá Loch a' Bhuí ar mo dheis - loch mhór dhomhain agus cúpla trá do ghainnimh ar dhath an ór. Tá an t-ainm seo an-fheiliúnach. Amach romham tá Loch na Circe Fraoigh, loch dhorcha chearnógach agus cúig nó sé de cheanna locha beaga. Tá dósáin mhóra fraoigh ag fás thimpeall na locha seo.

## Suipéar an tSionnaigh!

Rith giorraí mór donn suas an cnoc - an leaba dhearg a tugtar ar an áit a luíonn sé. Tá sé ráite go mbíonn súil amháin oscailte aige nuair a bhíonn sé ina chodladh. Píosa suas an cnoc stop sé agus sheas ar a chosa deire agus d'fhéach sé ina thimpeall agus thug do's na cosa in áirde é.

Tá an taobh seo don chnoc lán le gleannta beaga agus clochair agus scailpeanna. Baineadh geit asam nuair a d'éirigh cearc fhraoigh ón gcosán amach romham. D'imigh sí suas taobh an chnoic go clamhsánach agus amach as m'amharc. Bhí an t-ádh léi mar cúpla slat uaim rith sionnach amach as clochar agus suas an gleann. Níos airde suas bhí péire sionnaigh óga ag fanacht lei. Bhí mé thréis an suipéar a bhaint díobh!

## Seanteach tréigthe

Chuaigh mé go bruach loch bheag le beagán iascach a dhéanamh. Chuir mé lacha dá nead agus d'imigh sí trasna na locha. Bhí lán neide d'uibheacha aici agus d'imigh mé as an áit aríst. Amach romham bhí sean teach tréigthe. Bhí na scórtha coiníní idir bheag agus mhór ag rith isteach agus amach faoi na crainnte. Sula bhfágfaidh mé an áit seo gabhfaidh mé chomh fada leis an teach. Chaith mé píosa ag iascach agus fuair mé trí nó ceathair do's na bric rua. Ansin, rug bradán ar an mbaoite. Thug mé isteach ar an trá bheag é, bhain mé an dubhán as agus chuir mé faoin ngainimh é. Baileoidh mé é ar mo bhealach abhaile. Ansin chuaigh mé chomh fada leis an sean teach.

Ní raibh díon ar bith fágtha ar an sean teach. Déanta do chloch ghlas agus cé is móite do chúpla cloch bhí sé brea láidir. Meastú cén sórt daoine a mhair ann? Cá ndeachaigh siad? Cá bhfuil a gclann…nó a bhfuil a n-gaolta beo…nó cén chaoi ar mhair siad? Caoire agus beithigh, gabhair agus beagán curadóireachta. Tá lorg iomaireacha a mbíodh fataí curtha iontu ar thaobh an chnoic. Beagán poitín agus saol crua go cinnte.

Tá an ghrian ag titim sa spéir thiar. Tá sé in am baile. Baileoidh mé mo bhradán agus abhaile liom. Ach, barr ar an mí-ádh níl an bradán le fáil; ach lorg cosa an t-sionnaigh sa n-gainimh! Fuair an sionnach agus a chlann an suipéar beag beann orm.

*ar lean ar lth 60 ...*

*.... ar lean ó lth 59*

Ag déanamh suas an cnoc go dtí Loch na gCloch thug mé faoi deara seabhac. Ag dul thar cnoc síos. Tá nead aige ar charraig mhór sa gcoill. Tá crainnte móra ag fás leis an áill agus tá an seabhac breá sábháilte.

### Radharc ó bharr an chnoic

Tá barr an choic bainte amach agam. Stop mé le breathnú ar an áilleacht agus an nádúr thimpeall orm. Ó thuaidh tá na Beanna Beola, an Sraithe Salach agus Mám Éan. Áit é Mám Éan a mbíonn oilithreacht bhliantúil ann ar an gcéad Dhomhnach do Lúnasa. Tá cáil ar mar gheall ar Naomh Pádraig.

Ar thaobh mo láimhe clé tá Cloch na Rón agus Ceann Léime. Tá an Teach Solais le feiceáil agus an ghrian ag scalladh ar thrá an Ghoirtín, Inis Niaidh, cuan an Chaisil agus Cnoc an Chaisil. Níos gaire dom tá baile Ghabhla. Síos thríd an mbaile seo a théigheann an t-uisce as na locha a raibh mé ag iascach orthu. Níos faide ar chlé tá baile Ghlinnsge agus Cuan na Beirtrí Buí. Ag amharc amach uaim feicim na céadta locha beaga agus mór, dath an ór orthu agus solas na gréine ag scalladh orthu. Ceantar a bhfuil draoícht ag baint leis.

Ag casadh ó dheas dhom, ar mo dheis tá na Sceirdí, Oileán Mhic Dara agus an Cnoc Buí. Níos goire dhom tá Carna, Muigh Inis agus Fiadhinis, Cuan Chill Chiaráin, Ceann Golaim agus an Túr Mór i Leitir Mealláin agus an Aird Mhóir. Tá an fharraige ina clár chomh gorm le plúirín agus na tránna geala i gceantar na nOileán - Leitir Móir, Leitir Caladh agus an Trá Bháin. Taobh istigh tá an choill agus baile Chill Chiaráin faoi scáith chnoc an Draighne. Is ar an gcnoc seo an thóg Naomh Ciarán séipéal beag agus é ar a bhealach as Árainn go Cluain Mhic Nóis.

Anois, tá Ros Dubhgáin, Coill Sáile agus Loch Con Aortha amach romham. Ag bun na spéire tá trí oileán Árainn le feiceáil, na tithe bána ag scaladh le solas na gréine. Ar mo chlé tá Ros Muc agus Camus, An Cheathrú Rua agus Ros a'Mhíl. Níos faide ó dheas tá cuan na Gaillimhe, cnoic chontae an Chláir agus Carraigreacha an Mhochair. Súil eile soir ó thuaidh agus feicim an Teach Dóite agus Cnoc Mordáin níos gaire dhom.

Ag breathnú uaim ar an áilleacht agus an draoícht atá ag baint leis an gceantar seo, ní féidir liom focla nó samhailt a cheapadh amach le cur síos a dhéanamh air. Mholainn do chuile dhuine dul amach agus lán a shúl a bhain as. Tá ceantar álainn thimpeall orainn. Nuair a fheicim an draoícht agus an áilleacht nach iontach an leithscéal é le dhul amach ag iascach sna cnoic!

### AMHRÁN NA BEIRTRÍ

'Gá mbeitheá thall ar Chora an tSnámh nó thiar in Inis Ní,
Bí ag éisteacht le ceol cláirsí ann nó fuaim na gceolta sí,
Ach is binne go mór ceol taoille trá ag éalú léi síos,
Is í ag fágáil slán go ciúin réidh mall ag Cuan na Beirtrí Buí.

Is tá casán draíochta ó Chrua na Caoile suas go Barr a' Chuain,
Lena dtéann na mílte atá faoi dhraíocht Dé Domhnaigh agus Dé Luain,
Iad seo a fuair bás gan réir a gcás in aimsir an drochshaoil,
Tá a bpardún faighte ó Rí na nGrást i gCuan na Beirtrí Buí.

Is má sheolann tusa choíchin ann aniar le Aill na nÉan,
Ar thaobh na láimhe deise dhíot tá Caisleán an Demesne,
A mbíodh mór-uaisle na hÉireann ag teacht ann faoi dhó sa mí,
Tá sí déanta ar dheis na gréine ar thaobh Chuan na Beirtrí Buí.

Is b'é an teach ósta ab fhearr in Éirinn é in aimsir soithigh seoil,
Mar 'ruachtaí' isteach sa ngeimhreadh ann iad le stoirm gála mór,
Bhíodh fircíní fíon Spáinneach ann 'gá roinnt i mbarr an tí,
Is gan marc ar an bpoll ancaire atá i gCuan na Beirtrí Buí.

Is níl caint ar an Mhuic Ghainimh ann ná Carraig Bhéal a' Chuain,
Níl caint ar Charraig Ghabhla ann ná ar Mhullán Aill na Brón,
Tá snámh ag an Queen Mary ann nó ag an Grafspee,
Níl cloch bhuailte an iarainn thoir ná thiar i gCuan na Beirtrí Buí.

Is ní theastaíonn marc ná comhartha ann amuigh i mBéal a' Chuain,
Níl tada ann mar an Ceannanach ná Tanaí Mhullán Rón,
Tá an bradán is an breac geal ann is iad ag snámh isteach i dtír,
Ach tá gifte ó Rí na hAoine thuas i gCuan na Beirtrí Buí.

Tá geallta tosaí' arís ann le haghaidh báid bheaga 'gus báid mhór,
Go díreach glan mar a bhíodar nuair a sheol an Caiseal Mór,
Bhí an breitheamh dúiche ab fhearr sa gcondae 'gá faire as barr an tí,
Bhí a cáil le fáil taobh thuas taobh thall i gCuan na Beirtrí Buí.

Is tá an Mickey is an Hunter ann le seoladh anonn is anall,
Ó Dólainn go Cinn Mhara mar thug siad as an geall,
Bhuail siad chuile cheann acu le calm is le gaoth,
Agus choinnigh siad na bratachaí i gCuan na Beirtrí Buí.


Is tá an Mickey ar a socúlacht i gCéibh an Chaladh Mhór,
Is nuair a chaithfear ráithe an gheimhridh beidh sí réití amach chun seoil,
Chuaigh an American go Crochlainn ach chuaigh sí isteach sa mbruighean,
Tá an Hunter i gCuan Caorthainn is tá an *flag* i mbarr a crainn.

Is tá ómós ag dul gon *chommittee* is beidh a n-ainm agat ar ball,
Tá gifte ó Rí na hAoine is an gcaoi socraíonn siad na geall',
Mar tá Meachair is Pádraic Seoighe agus Tomás 'ac Con Rí,
Go dtuga Dia saol fada dhóibh go Cuan na Beirtrí Buí.

Is tá MacGrath ag *start*áil currachaí, cinn fhada agus cinn ghearr,
Agus ní bhfuighfeá ón Daolainn é fear ar bith níos fearr,
Faireann sé go grinn iad nó go gcríochnaíonn siad an geall,
Is an criú nach rithfidh i gceart é ní bheidh tada acu 'gá bharr.

MRI CARNA

Martin Ryan Institute, Carna
Institiúid Mháirtín Uí Riain, Carna



**Is é atá mar aidhm ag MRI Charna tacú leis an tráchtálú inbhuanaithe atá á dhéanamh ag pobail chósta agus Ghaeltachta na hÉireann ar ár n-acmhainní muirí trí chláir ghníomhacha a eagrú sna réimsí seo a leanas:**

- **Scrúdú a dhéanamh ar speicis nua a bheidh feiliúnach do shaothrú atá inmharthana ó thaobh an chomhshaoil.**
- **Nuatheicneolaíochtaí a oiriúnú agus a thástáil a luaithe agus a bhíonn a leithéid ar fáil.**
- **Comhcheangail a éascú idir earnálacha áitiúla tráchtála agus earnálacha feidhmeacha taighde.**
- **Saineolas a bhailiú maidir le raon disciplíní muirí.**

Déan teagmháil le:

**MRI Charna 095-32201**

**declan.clarke@nuigalway.ie**

*- Seán Cheoinín as Leitir Ard a scríobh*

# OCC Electrical

## Comlucht Leictreachais Iorras Aithneach

### Ó Catháin agus Ó Cionnaith

**Séamus Ó Catháin**
087-8860012

**Micheál Ó Cionnaith**
087-6443139

Uimhir Fax …095-32000

Obair thionsclaíoch agus obair tigh - wireáil as an nua - cóiriú ar shean wireáil -alarum tine- CCTV-alarum in agaidh robálaithe- alarum cáir-obair a bhaineann le cúrsaí mara agus chuile chineál obair leictreachais - Leictreoirí cáilithe agus neart taithí acu beirt.

*"Tabharfaidh muide cumhacht duit "* - OCC Electrical

# Teach Ghlinnsge



Bar/Restaurant and craftshop

*"Comhghairdeachas leis an iris"*

Ó
Micheál & Séamus
Ó Chlochártaigh
Fón 095-32846/32279

# BARBARA





Guargaire

Muigh Iorras, Carna

**Dearbháin ar fáil**




Teileafón: (087) 6607587

Máirt – Satharn

*Is féidir coinnithe a dhéanamh sa tráthnóna*

# Lough Inagh Lodge Hotel








Inagh Valley Recess, Connemara, Co. Galway

Tel 095-34706

Fax E-mail:inagh@iol.ie

Web http://www.loughinaghlodgehotel.ie








# Mikie Ó Flátharta



**Leitirdeisceart**
**Carna**
**Co. Na Gaillimhe**

**087 9593329**

*Garraíodóir Cáilithe/*
*Qualified Landscape Gardener*

# Pósadh




Caitríona Ní Cheoinín as Leitir Ard agus Nua Eabhrach agus Tadhg de Nash … i mBrosna, Co Chiarraí … 12-5-2007.



Treasa Ní Allmhúráin as Cill Chiaráin agus Mac Dara Mac Fhlannchada … i gCill Chiaráin … 28-9-2007.




Bairbre Ní Shúilleabháin, Ruisín, Loch Con Aortha agus Conal Ó Laoi as Tamhna Bháin, an Caiseal … sa Róimh … 14-9-2007.



Máirín Ní Mhainnín as Ros Muc agus Micheál Ó Caonaigh as Leitir Ard a phós i Séipéal Ros Muc.


# Polaitíocht agus an Pobal



*Ar chlé:* Margaret Craven – Mairéad Ní Chonghaile (nó Mairéad Mhattie Sheáinín) as Leitir Ard ó dhúchas atá ina Feisire i bPairlimint Stáit Maine i Meiriceá. Baineann sí leis an bPáirtí Daonlathach agus tá cónaí uirthi i Lewiston, Maine.



*Ar dheis:* Máire Geoghegan-Quinn. As baile Charna ó dhúchas Máire – atá ina ball do Chúirt na nIniúchóirí san Aontas Eorpach. Iar T.D., Aire Gaeltachta agus Aire Dlí agus Cirt í Máire. Roghnaíodh í le bheith i gCúirt na nIniúchóirí i 1999 agus tá sí ann ó shin. I Luxembourg atá na hOifigí. Tá páigh i ngar le €4,000 sa tseachtain ag dul leis an bpost.




Pat Walsh – Pádraig Mháirtín Tom as Caladh bhFuínnse atá gníomhach sna ceardchumainn agus sa bpolaitíocht i mBoston le fada an lá. Toghadh duine den chine dubh ina Mhéara ar Bhoston don chéad uair i mbliana – sin é Deval Patrick. Thug Pat Walsh tacaíocht dó ar an gcoinníoll go n-iompódh Deval Patrick ina Éireannach – féach ar an bhfógra ar léine Phat Walsh!

## ACH – *All Politics is Local*

Comharthaí ag Crosbhóthar Charna roimh Olltoghchán na bliana seo 18-5-2007










Agus faoi scáith na gcnoc – chuile dhuine ag iarraidh bhóta.

# Céibheanna agus Báid



Oscailt Chéibh Chill Chiaráin - an síneadh curtha aiste. *Ó chlé:* Dara Beag Ó Flatharta, Josie Curran (an Aird Mhóir), Máirtín Bairéad (Duibhithir) Paddy Dundass, Joe John Mac an Iomaire (Ros Dugáin).




Buaiteoirí i mBaltimore – ag Bád Phádraig Chóilín, "Bláth na hÓige" a bhí an chraobh ag na rásaí báid adhmaid i gCorcaigh. *Ó chlé:* Cormac Levis, Clíona Ní Chualáin, Michael Walsh, Neasa Ní Chualáin, Pádraig Ó Cualáin agus Cearma Levis.

# Pósadh



An Garda Seosamh Ó Cualáin as Muigh Inis agus Marion Ní Mhainnín, Cill Bhriocáin, Ros Muc ... i Ros Muc.



Joe McGrath as Cill Chiaráin agus a bhrídeog, Joanne a phós i Londain i mí Mheán Fómhair, 2007.



Máire Ní Fhlatharta as an Aird Mhóir agus í ag fáil Díoplóma ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus a hiníon Siobhán ina cuideachta.



An tAthair Prionsias Ó Maolatha, Séiplíneach Chill Chiaráin a bhásaigh san Earrach seo caite. Tá Anna Ní Dhonnchadha as Cill Chiaráin in éindigh leis anseo ar lá a Céad Chomaoineach.

# ‘Party’ agus Peil





***Barr, ó chlé:***

**Bliain agus fiche - 21 ... Daoine óga sa bpobal a rinne ceiliúradh ar Lá Breithe 21 i mbliana. Ó chlé: Máire Ní Ghuairim as Leitir Ard, Seán Breathnach as an Aird Mhóir; Laura Ní Dhonnchadha as Cill Chiaráin; Róisín Ní Chatháin as Gabhla agus Máirín Ní Chonghaile as Carna.**

***Lár báire:***

**An Colmcille díolta ar shráid Tigh Mheaic i mbliana. Ó chlé: Sarah Seoige, dlíodóir; Emer Seoige, dlíodóir; Frank Cooke a cheannaigh an Colmcille ar €19,500 agus Seán Mac Donnchadha ó Chumann Huicéirí na Gaillimhe.**

***In íochtar:***

## Ag traeneáil i bpáirc Charna

***Ar chúl, ó chlé:*** **Máirtín Ó Clochartaigh, An Aird Mhóir; Seosamh Ó Guairim, An Aird Thiar; Shane Mac Cormaic, Carna; Mac Dara Ó Cuirrín, Caladh a' Chnoic; Breandán Ó Gaora, Cill Chiaráin; Tomás Ó Loideáin, Ruisín na Manach; Micheál Ó Súilleabháin, Loch Con Aortha; Pádraic Mac Cormaic, Muighros; Aisling Ní Cheannabháin, Leitir Deisceart; Eibhlín Ní Loideáin, Ruisín na Manach; Pádraic Breathnach, An Aird Mhóir; Seosamh Ó Cuirrín, Dubhithir.**

***Chun tosaigh, ó chlé:*** **Máirtín Ó Clochartaigh, Ruisín na Manach; Alan Ó Gaora, Muighinis; Maití Ó Gaora, An Crumpán; Marc Mac Cormaic, Muighros; Riocaird Ó Guairim, An Aird Thiar; Éanna Ó Coileáin, Muighinis; Mac Dara Ó Coileáin, Muighinis; Séamus Mac an Ríogh, Muighros; Brenda Ní Chlochartaigh, Ruisín na Manach; Fionn De Brún, Leitir Deisceart, Dara Ó Duinshléibhe, Carna; Aoife Ní Ghaora, Cill Chiaráin.**



# Gasúir



Naíonra Charna: *Ó chlé:* Máire Uí Chualáin (múinteoir), Máirtín Ó Cualáin, Micheál Ó Loideáin, Fionn de Brún, Mikey Breathnach, Liam Ó Loideáin, Oisín Mac Giolla Phádraig, Kerina Ní Chathasaigh, Rosa Ní Cheallaigh, Ailbhe Ní Chualáin, Shaunadh Ní Chlochartaigh, Aoife Ní Dhúnaird, Sophie Nic Aulaigh agus Mairéad Áine Uí Chonaire (múinteoir).




Gasúir as Scoil Chill Chiaráin a bhuaigh an gradam eolaíochta “Award of Science Excellence” i Meitheamh, 2007. *Ó chlé:* Stiofán Ó Neasa, Jason Ó Ceannabháin, Sharon Ní Thuathail agus Michelle Ní Dhonnchadha.

Fear dearg na Nollag ar cuairt ag an Teach Altranais seo é Deaidí na Nollag agus Éabha Ní Chathasaigh ag caint leis.





Naíonra Chill Chiaráin: *Ó chlé, ar cúl:* Sinéad Ní Chlochartaigh, Cian Ó Cuinn, Siobhán Ní Chadhain, Kevin Mac an Iomaire, *Líne tosaigh:* Rachel Ní Iarnáin, Darren Ó Ceannabháin, Molly Ní Dhonnacha, Saoirse Breathnach, Aleana Ní Chualáin.

# Ceol na Mara



Seán Cheoinín – bádóir – an fear a chum an t-amhrán "Cuan na Beirtrí Buí".



Labhrás Ó hIarnáin as Ruisín na Mainíoch a thug leis duaiseanna ceoil i bhfad agus i ngearr i mbliana – an chéad áit ag Fleadh Ceoil na Gaillimhe, an chéad áit ag Fleadh Ceoil Chonnacht agus ag Fleadh Ceoil na hÉireann. Cá bhfágfadh sé é!

*An Colmcille* – an bád seoil a tógadh faoi stiúir Choilm Uí Mhaoilchiaráin as Muigh Inis. Rinneadh an obair sa gclós bád a bhí ag Josie Mhattie Sheáin, go ndéanfaidh Dia grásta air, i Leitir Ard.





Na rúnaithe in Oifig Fhóram Iorras Aithneach i gCarna agus iad ag réiteach an Irisleabhair "Iorras Aithneach 2007". Ann Marie Ní Fhlatharta (ar chlé) agus Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin.

# Am Dúnadh ... go brách




▲ ***Ar chlé,*** **Josie Sheáin Jeaic as Carna agus Petie Chuimín (Neachtain) as an Aird Mhóir Tigh Kheane an oíche ar dhúin sé.**



▲ **Soinseáil ag teastáil:** **Yvonne Keane agus Seán Guairim (Seán Joe Bheartla Rua) ag obair sa mbeár an oíche ar dhúin Tígh Kheane.**



▲ **Dhúin teach ósta eile sa gceantar i rith na bliana freisin – Tigh Bhoulger ar an gCaiseal. Ag ól "deoch an dorais" Tigh Bhoulger an lá sin ...** ***ó chlé,*** **Micheál Seoige as Leitir Seana, Pádraig de Búrca as sráidbhaile Charna agus Micheál Ó Cadhain as Gabhla.**



▲ **Bean mhór na n-amhrán as Meiriceá – Cher ... ar cuimhneach libh "Sonny and Cher"? Tugann sí corr chuairt ar Chill Chiaráin agus d'ól sí deoch Tigh Kheane anois agus arís.**



◀ **Dhúin Teach Ósta Tí Kheane i gCill Chiaráin oíche chinn bhliana seo caite. Bhí beár Tigh Kheane le 140 bliain. Bhailigh tír agus talamh ann an oíche ar dúnadh é. Anseo, ó chlé: Pádraig Tom Phatch, Máirtín Ó Clochartaigh (an Aird Mhóir) agus Johney Mháirtín Larry.**



Mattie Joe Mhaitiais i gabhail an True Light agus Feargus Ó Cualáin in éindí leis.

Conradh na Gaeilge

**Ranganna Gaeilge do dhaoine óga & daoine fásta**
**Teastas Eorpach na Gaeilge ar fáil anois**

**Seachtain na Gaeilge 3 - 17 Márta 2008**

**Campaí Samhraidh Gaeilge**

**Ceardlanna, Seoltaí & Taispeántais Chultúrtha**

**Seirbhisí Oifige**

**"Sú na Maidne" Galway Bay FM 96.8FM**
**Gach maidin Shathairn ón 8.00-9.00r.n**

**Seirbhís Áistriúcháin**

**Féilte áitiúla & imeachtaí Sóisíalta**

Gach eolas ar fáil ó Árus na nGael, 45 Sráid Doiminic, Gaillimh
Guthán: 091 567824 Facs:091 563699
conradh@bradan.iol.ie www.cnag.ie

## Club Árus na nGael


45 Sráid Doiminic, Gaillimh.
(091) 567824



## Imeachtaí an Chlub:


**Dé Luain**
**Rince ar an Sean-Nós le Pádraic Ó hOibicín**

**Dé Céadaoin**
**Oíche do Fhoghlaimeoirí Gaeilge**



**Déardaoin**
**Oíche na Micléinn & Club Leabhar Gaeilge**


**Dé hAoine**
***Oa2:*** **Club Ceoil Domhanda le d.janna éagsúla**



**Dé Sathairn**
**Seisiún Ceoil Traidisiúnta den scoth!**

Sásaigh an tart san áit cheart

# Iorras Aithneach



# Coláiste Sheosaimh Teoranta

Cill Chiaráin, Carna, Conamara, Co. na Gaillimhe.

*Eolas iomlán ar fáil :*

**RÚNAÍ ÁITIÚIL**

Rita Mhic an Iomaire
Cill Chiaráin
Conamara
Fón: 095-33412

**STIÚRTHÓIR**

Dónall Mac Mathúna
Inis Bheag
Cill Mháille
Inis, Co. an Chláir
Fón: 065-6839670



# An Aimsir a Caitheadh



**Pádraig Ó hUaithnín as an Más agus Cóilín Phádraig Antoine Ó Conaire – col ceatharacha.**






**▲ An Coillín cúpla scór bliain ó shin – ócáid bhrónach agus Winnie Phádraigín Mhacaigh (Nic an Iomaire) réitithe le dhul ar ais go Meiricea. Ó chlé: Winnie Nic an Iomaire, Bairbre Ní Loideáin agus Bríd Ní Loideáin (clann Chóilín Tommy Loideáin), Pádraig Mac an Iomaire nó Pádraigín Mhacaigh (hata air), Michael Tom Mhacaigh, Máire - bean Phádraigín Mhacaigh, Pen Sheáin Dhiarmuid – bean Chóilín Tommy, Cathleen Ní Loideáin, Johney Ó Loideáin agus Máire Ní Loideáin – clann Choilín Tommy Uí Loideáin.**

**◄ Leitir Ard i 1966 – Ó chlé: Pádraig Chóilin Ó Cualáin as Duibhithir, Maitiais Ó Conghaile as Leitir Ard agus caipín fhear an phosta ar (Mattie'n Mhata Mhóir), Joe Feilim Ó Caodhla as Leitir Ard agus Tomás Mac an Ríogh nó Tommy King as an gCaiseal Ard a chaith cuid mhaith do 50 bliain ag tabhairt an phosta thart sa gceantar. Sí Bairbre Ní Ghuairim as Leitir Ard an cailín chun tosaigh agus tá Seán Ó Cualáin nó Seán Johney Sheáin Liam atá thiar ar gcúl agus caipín air.**



**An Coillín agus "American Wake" agus Winnie Phádraigín Mhacaigh ag dul go Meiricea lá arna mhárach. Ó chlé sa bpictiúr: Catherine Sonny as an gCrompán – bean John Tommy Ó Loideáin, ?, Pen Sheáin Dhiarmuid –bean Chóilín Tommy Ó Loideáin, Winnie Pádraigín Mhacaigh agus Ciarán Phádraigín Mhacaigh.**



**California cúpla scór bliain ó shin - Clann Tommy Mhártin as Muighros – na Loideáin. *Ó chlé:* Tom, Marcus, Joe, Máirtín agus James.**





▲ Máire Bean Uí Mhaoilchiaráin as Leitir Ard (ar dheis) agus Máire Bean Mhic Dhonnchada as Leitir Ard.

◄ Pictiúr a tógadh sna seascaidí. Ó chlé Joe McDonagh as Glinnsge, Seosamh Ó Guairim (Joe Bheartla Rua) as Leitir Ard, Bríd Bean Uí Chaodhna as Gabhla (bean Val Sheáin), Annie McDonagh as Glinnsge, Máirín Bean Uí Chualáin (McDonagh) as Glinnsge, Julie Bean Uí Ghuairim as Leitir Ard.


# Comharchumann Chonamara Thiar Teo

## C.C.T. (Co-Op) Teo.

*Beannachtaí na Nollag*
*agus Bliain Nua faoi Mhaise*
*dar gcustaiméirí agus don Phobal ar fad*

**Comharchumann Chonamara Thiar Teo.**
**Cill Chiaráin Conamara**
**095-33436**
**Riomhphost: coopct@eircom.net**

*Teach Ósta*

# *Tigh Mhóráin*

Carna, Conamara, Co. na Gaillimhe

Fón 095-32570

*Comhluadar Breá • Spóirt & Spraoi*

*ó Peter Fitzpatrick*



◄ I gCabhlach Shasana le linn an Chéad Chogadh Mór (1914-1918): Seo é Mac Dara Ó Flatharta as an Aird Mhóir – athair Dara Beag. Bhí sé i gCabhlach Shasana sa gCogadh. Théis an Chogadh bhí dualgaisí contúirteacha ar freisin. Bhí sé ar bháid a bhí ag cuartú 'mineanna' … sin iad na "Minesweepers".

Céibh na hAirde Móire i dtús na 1960aidí – ó chlé Dara Beag Ó Flatharta (cosúlacht mhór aige le Dara Óg na linne seo!), Michael Mhic Dara (Ó Flatharta as an Aird Mhóir agus Michael Shéamuis (Ó Ceannabháin) as Doire Iorrais. ▼






**Tigh Leavy ós cíonn 30 bliain ó shin: Ó chlé – Níl a fhios again cé h'é an chéad duine…ansin Coleman Lee as Cill Chiaráin, Pádraig Tom Phatch as Coill Sáile, Réamonn Mhichael Mhic Dara as an Aird Mhóir, Dara Beag as an Aird Mhóir, Pádraig Phat Jim as an mBántrach Ard, Michael Davis (fear Bhéab Phádraig Mhaidhc), Michael Shéamuis as Doire Iorrais.**



**◀ Tógadh an pictiúr seo i 1892 ar an tsráid, san áit a bhfuil Tí Chlancy anois. Jerimiah Curtin, Meiriceánach, a bhí ag bailiú béaloidis, a thóg an pictiúr. Ó chlé – Mary Ann Cooke, Ellen (cailín a bhí in éineacht leis na Curtins), Bridget Cooke, Mrs Cooke – nó Bridget Greene as Muigh Inis, … sin í máthair Mhary Ann, Bhridget agus Mháirtín …ansin Máirtín Cooke ag an doras. Ba é Máirtín athair Eileen Clancy as Cill Chiaráin.**

**Jerimiah Curtin agus a bhean a chaith 4 mhí i gCill Chiaráin in 1892 ag bailiú béaloidis. Bhí trácht ar an tréimhse a chaith sé i gCill Chiaráin sa leabhar seo. ▶**





WISCONSIN BIOGRAPHY SERIES

Memoirs of Jeremiah Curtin

JOSEPH SCHAFER

PUBLISHED BY THE STATE HISTORICAL SOCIETY OF WISCONSIN



An bealach síos chuig factory na feamainne i gCill Chiaráin san aimsir a caitheadh. Cárnáin slata mara agus feamainne gar don Chéibh. I 1947 a bunaíodh tionscail na feamainne i gCill Chiaráin – sin 60 bliain ó shin. Níl mórán tionscail eile i gConamara a mhair an fhaid sin.



Cóilín Casey (ar chlé) agus Paddy Greene as Cill Chiaráin agus iad Tigh Choyne i dtús na 1960aidí. Ba deartháir le Jack agus Joe Casey é Cóilín agus mac le Pat Greene – b'shin deartháir le Mrs Cooke i gCill Chiaráin é Paddy.



◀ Jimmy Mháirtín Choilm agus a dheirfiúr, Máire as Fínis san aimsir a caitheadh.

Joe Mhadaoín as Fínis ríar mhaith blianta ó shin. Geallta báid seoil. ▼



# Cumas

*Ionad Fiontair, Ros Muc, Co. na Gaillimhe.*
*Teil: 091/574353   E-phost: cumas@eircom.net*

Tá Cumas ar cheann de 38 Páirtíochtaí sa tír atá ag cur i bhfeidhm an Chláir Fhorbartha Áitiúil d'Áireamh Shóisialta le airgeadú ón Roinn Gnóthaí, Pobail, Tuaithe & Gaeltachta.

Tá cuid mhaith Cláracha, le cabhair airgid & foirne, á reachtáil againn, a thugann tacaíocht do Phobail Chonamara & Árann tabhairt faoi an míbhuntáiste & easpa deiseanna dul chun cinn.

Bíonn fáilte i gconaí roimh teagmháil.

# office chat

**"your local office supplier"**

**Printers/Fax Machines/Telephones**
**Laminators/Shredders**
**Office Furniture**
**Photocopying/Faxing**
**Laminating/Binding/Printing**

**Mobile phone dealers for**

O2 meteor vodafone 3

**Galway Road, Clifden   Tel 095-21911**
**Fax 095-21841   E-mail sales@officechat.ie**

# Joyce's Grocery

Recess, Connemara, Co.Galway
Phone: 095 34658  Mobile: 087 2686946
joycesgrocery@hotmail.com

Opening Hours: 7.30am – 7pm Mon - Sat

**For All Your Farm Needs**

Cattle Feeds – Horse Feeds – Sheep Feeds –
Shavings – Coal – Briquettes – Wire & Stakes

**We deliver to your door.**

# Teach Altranais Charna

## *Nursing Home*

**Carna, Conamara, Co na Gaillimhe. Teileafón … 095-32854/ 32855.**



***Compóird agus aire don chéad scoth.***
***Suite ar chiúmhais na mara.***

STIÚRTHÓIRÍ:
**Dr Micheál Ó Cathasaigh,**M.B., B.Ch., B.A.O., D. Ch., R.C.O.G., D.G.M.,
D.Obs, M.R.C.G.P., M.I.C.G.P.,
Dip. Family Planning, Dip. Dermatology.

***Email:***
***info@carnanursinghome.com***


***VHI, BUPA APPROVED***

# Tigh Leavy

Aird Mhóir

## Siopa Grósaera
## Búistéara / Fíon

Fón / Facs: 095-32230



Seolann muid beannachtaí na Nollag
chuig ár gcustaiméaraí ar fad

# Tí Paddy Feistí

## Recess, Co. na Gaillimhe



Ceol & Craic

Deoch & Bia



Food Served Daily

***Contact Bríd on 087 912 8328***

# T. Ó Máille Teo.

Ros Muc, Co. na Gaillimhe.
Fón: 091-574101

• Earraí Grósaera •

• Crua-Earraí, Éadach •

• Ábhar Tithe •

*Go n-éirí go geal leis an gCoiste ina gcuid oibre.*

# Seán Ó Cathasaigh

***Graibhéal Clocha***
***agus Réiteach suímhe***



**Cill Chiaráin, Conamara**
**Co. na Gaillimhe**

**Fón 095 33579**
**Mobile 087 2714648**

# Adhmad Teo.

Casla, Conamara,
Co. na Gaillimhe.

**KITCHEN UNITS**

•

**CÓFRAÍ**

Troscán de chineálacha eile

Togha na hoibre

**Fón : 091-572290**

# Looking for a great Personal Loan

**Talk to Evelyn King in AIB Clifden**
**Drop in or call 095-21120.**

AIB

Lending criteria, terms and conditions apply.
Credit facilities are subject to repayment capacity and financial status and are not available to persons under 18 years of age. Security may be required. Allied Irish Banks, p.l.c. is regulated by the Financial Regulator.



## Camus Autos Tyre Centre

Camus, Conamara,
Co. na Gaillimhe,
091-574197
087-2871658

Boinn do chuile chinneal.
Pirelli, Dunlop, Sava, Nankang

Agus le haghaidh
Caranna, Jeeps, Vans, Light trucks, Tractors.

Chomh maith le

Service, Tracking, Balancing

Customer Recovery Service.

# John O'Brien

## AUCTIONEERS


**Market Street, Clifden**
**Tel: 095 22386  Fax 095 30929  Mobile: 087 237 9662**
**Email: info@obrien-auctioneers.com**
**Website: www.obrien-auctioneers.com**

*As Connemara's only network Auctioneers, ERA John O'Brien Auctioneers is ethical, forward thinking and results orientated, professional business ERA John O'Brien Auctioneers can advise clients on all aspects of legal, planning and tax implications.*

As an independent mortgage broker with access to 12 lenders, all types of mortgages can be arranged at lowest rates and with the minimum of fuss.

New Letting Department now open

ERA John O'Brien Auctioneers
Tel 095 22386  Fax 095 30929  Mb 087 2379662
info@obrien-auctioneers.com
www.obrien-auctioneers.com
www.eraireland.ie


Faoi Scáth Mhac Dara






Minor Championship


Bláth na hÓige


Bláth ar an gcraobh ... agus
Bláth ar an Óige